INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA LUAIN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2005/2006

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA LUAIN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005/2006

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Luain
Co na hIarmhí
Éire

t: 090 6424400
idir: +353 90 6424400
f: 090 6424417
idir: +353 90 6424417
i: www.ait.ie

Tiomsaíodh agus rinneadh eagarthóireacht ar an Tuarascáil seo ag Oifig an Stiúrthóra agus ag an Oifig Ráthaíochta Ardchaighdeáin, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain

RÁITEAS MISIN

Tá sé i gceist ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain cur le forbairt theicneolaíoch, eolaíoch, thráchtála, thionsclaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Stáit, go háirithe i réigiún lár na tíre, trí sholáthar oideachais chomhardaithe a bhfuil ardchaighdeán idirnáisiúnta á bhaint amach aige, agus é fréamhaithe i rochtain, i soghluaisteacht, i naisc chomhoibrithe agus i bhfeabhas taighde.

NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

EUROPEAN SOCIAL FUND

winner of an Ability award

ÁBHAR

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 3

1.0 INTREOIR AN STIÚRTHÓRA 4

2.0 RIALACHAS 6
2.1 Baill an Bhoird Rialaithe 6
2.2 Foireann Bhainistíochta agus Foireann Shinsearach 7

3.0 GNÓTHAÍ ACADÚLA AGUS MAC LÉINN 8
3.1 Ballraíocht Na Comhairle Acadúla 8
3.2 Forbairtí Acadúla 8
3.2.1 Ginearálta 8
3.2.2 An Scoil Ghnó 9
3.2.3 An Scoil Innealtóireachta 10
3.2.4 An Scoil Daonnachtaí 10
3.2.5 An Scoil Eolaíochta 11
3.3 Faomhadh Cúrsaí 11
3.4 Na Cúrsaí a Thairiscítear 12
3.5 Scrúdaitheoirí Seachtracha 12
3.5.1 Scrúdaitheoirí Seachtracha (don Institiúid) 12
3.5.2 Scrúdaitheoirí Seachtracha (ón Institiúid) 12
3.6 Staitisticí Faoi na Mic Léinn 12
3.7 Duaiseanna Mic Léinn/Speisialta 17
3.8 Gníomhaíochtaí Spóirt 18
3.9 Seirbhísí Mic Léinn 19

4.0 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA 21
4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha 21
4.2 Gníomhaíochtaí Taighde 22
4.2.1 Cláir Thaighde 22
4.2.2 Comhoibriú Taighde 22
4.3 Forbairt an Champais 22
4.4 Bainistíocht Sábháilteachta agus Áiseanna 23

5.0 ACMHAINNÍ DAONNA 24
5.1 Tionscnaimh Acmhainní Daonna 24
5.2 Staitisticí Foirne 24
5.2.1 Ceapacháin Tacaíochta Acadúla 25
5.3 Oiliúint agus Forbairt Fhoirne 25
5.3.1 Ciste Oiliúint agus Fhorbairt na Foirne 25

6.0 TUARASCÁIL AIRGEADAIS 26
6.1 Cuntas Reatha 26
6.2 Cuntas Caipitiúil 26

7.0 NAISC IDIRNÁISIÚNTA 27
7.1 Soghluaisteacht na Mac Léinn 27
7.2 Soghluaisteacht na Foirne 28

8.0 ILCHINEÁLACH 29
8.1 Aíonna/Léachtóirí ar Cuairt 29
8.2 Imeachtaí de Chuid na hInstitiúide 30
8.3 Na Saothair Ealaíne a Ceannaíodh 32

9.0 AGUISÍNÍ 33
I Cuid de Bhuaicphointí Gnóthachtála Chlubanna Spóirt de chuid na hInstitiúide 33
II Tionscadail Taighde ar Éirigh Leo Maoiniú a Fháil le linn na Bliana 35
III Cuntais Iniúchta 39

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

> Ba mhór an onóir dom é gur cheap an tAire i Mí an Mhárta mé agus tá mé ag súil go mór le bheith ag obair le ITBÁL mar Chathaoirleach an bhoird rialaithe.

Mar chathaoirleach bhord rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil a chur os bhur gcomhair don bhliantúil acadúil 2005/2006.

Ba mhór an onóir dom é gur cheap an tAire i Mí an Mhárta mé agus tá mé ag súil go mór le bheith ag obair le ITBÁL mar Chathaoirleach an bhoird rialaithe. Le 36 bliain anuas tá ITBÁL tar éis fás ó ghnólacht nua-thionscanta go ceann de phríomhcholáistí tríú leibhéal na tíre. Tá beagnach 5,500 mac léinn cláraithe ag an Institiúid ar chláir, a dearadh agus a forbraíodh le tacú le riachtanais athraitheacha réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá traidisiún láidir taighde ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus beidh sin ina eilimint ríthábhachtach le linn dó bheith ag fás agus ag forbairt go leanúnach. Is príomhpháirtí leasmhar é ITBÁL in infrastruchtúr lár na tíre, ní amháin mar oideachasóir céimithe don mhargadh saothair, seachas freisin mar spreagadh forbartha eacnamúla agus tionsclaíche. Cuirfidh leathnú breise na n-áiseanna taighde ag an Institiúid agus próiseas lorgtha tarmligin údaráis ag leibhéil taighde, cuirfidh siad tuilleadh feabhais ar chlú ITBÁL mar institiúid chlúiteach ardoideachais.

Leantar ar aghaidh le monatóireacht dul chun cinn faoin bplean straitéiseach 2003-2008 laistigh de ITBÁL, agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar an bplean seo laistigh de chreatlach i dtreo ullmhúcháin a dhéanamh do na blianta atá amach romhainn. Aithneoidh athbhreithniú an phlean riachtanais athraitheacha an réigiúin agus gheilleagar na hÉireann agus an gá atá ann le go mbeadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain ag leanúint air de bheith ag cur le forbairt gheilleagair atá bunaithe ar an eolas. Táthar ag súil leis go n-aithneofar straitéisí taighde, arís eile, mar spreagadh suntasach do threoir na hInstitiúide amach anseo.

Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair le bord rialaithe, stiúrthóir, foireann agus mic léinn ITBÁL sa bhliain acadúil seo chugainn. Taithí dhearfach a bhí agam ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain go dtí seo agus tá moladh tuillte ag an lucht bainistíochta agus ag an bhfoireann as a dtiomantas agus as a gcur chuige gairmiúil i dtaca le rath leanúnach na hinstitiúide.

Paul Breen
Cathaoirleach

1.0 INTREOIR AN STIÚRTHÓRA

> Tá leibhéal suntasach gnóthachtála á bhaint amach ag mic léinn ITBÁL i gcónaí, agus fuarthas duaiseanna speisialta iomadúla agus éiríodh go han-mhaith lenár gcuid mac léinn i gcomórtais le linn na bliana.

Clúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2005 go 31 Lúnasa 2006.

Tá áthas orm arís eile gur bliain fhíor-rafar a bhí ann d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, bliain inar tháinig méadú ar líon na mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha. Ag cur san áireamh go bhfuil meath ar líon na ndaltaí dara leibhéal agus go bhfuil iomaíocht níos déine i gceist san earnáil tríú leibhéal, léiriú é an méadú seo ar thiomantas fhoireann na hinstitiúide, agus aitheantas atá ann go bhfuil an-mheas ag mic léinn, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara ar ITBÁL. Tacaítear tuilleadh le rath leanúnach na hinstitiúide agus a cuid mac léinn ag Tuarascáil Circa, a foilsíodh i Mí na Bealtaine, a léiríonn gur méadaíodh rátaí iomlána críochnaithe ITBÁL ó 55.5% go 81.4% sa tréimhse sé bliana ó 1999 go 2004. Tá mé lánmhuiníneach gur féidir linn na rátaí críochnaithe a fheabhsú tuilleadh sna blianta atá amach romhainn.

Cothabhálann forbairt agus tabhairt isteach leanúnacha clár nua stádas na hinstitiúide mar cheannaire nuálaíochta i réimse an ardoideachais. Samplaí den chruthaíocht agus den chumas seo an margadh a thuiscint iad an tArdteastas Eolaíochta san Altranas Fiaclóireachta agus an tArdteastas Eolaíochta (Teicneoir Cógaslainne), cláir ar cuireadh tús leo i Meán Fómhair 2005. I mbliana cuireadh tús freisin le clár MBA dhá bhliain páirtaimseartha sa Scoil Ghnó, a dearadh ag an institiúid. Beidh na rannpháirtigh ag fáil an chéad MBA a bhronnfar in ITBÁL, agus cuirfidh an cháilíocht go mór le bunús an tsaineolais agus na hinniúlachta bainistíochta i réigiún lár na tíre.

Tá leibhéal suntasach gnóthachtála á bhaint amach ag mic léinn ITBÁL i gcónaí, agus fuarthas duaiseanna speisialta iomadúla agus éiríodh go han-mhaith lenár gcuid mac léinn i gcomórtais le linn na bliana. Tá caighdeán an-ard ar fad ag baint leis na seirbhísí tacaíochta a sholáthraítear do na mic léinn agus léiriú breise air sin ná bronnadh Duaise Cumais O_2 ar an institiúid i bhFeabhra 2006 don chleachtas is fearr sa Chatagóir Seirbhís Chustaiméara. Seoladh Cumann Céimithe ITBÁL sa tSín i mbliana freisin, seoladh a tionóladh i Shanghai i Mí Mheithimh.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin le hómós a thabhairt don Uasal Cieran Temple, a d'éirigh as a phost mar chathaoirleach bhord rialaithe na hinstitiúide i Mí Mhárta, tar éis dó bheith ina shealbhóir den phost seo ó bunaíodh an bord rialaithe i 1993. Roimhe sin bhí sé ina

chathaoirleach de Bhord Bainistíochta Choláiste Réigiúnach Teicniúil Bhaile Átha Luain don tréimhse naoi mbliana roimhe sin. Chuir a thiomantas don institiúid le linn na tréimhse faide seo le múnlú na hinstitiúide ar a lán dóigheanna, lena fágáil mar atá sí inniu. Ar son lucht bainistíochta agus fhoireann ITBÁL, guím gach rath ar Cieran tar éis dó dul ar scor.

Is mian liom freisin fáilte a chur roimh chathaoirleach nua an bhoird rialaithe, Paul Breen. Creidim go mbeidh Paul in ann fís agus fuinneamh iontacha a sholáthar ar mhaithe leis an institiúid, agus go dtacófar go mór le forbairt ITBÁL sa todhchaí ag a léirthuiscint ar riachtanais an tionscail, ar thábhacht an taighde agus na forbartha, ar ról lárnach an ardoideachais, agus ar dhinimic ar leith réigiún BMW. Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair leis sna blianta atá le teacht.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Bhoird Rialaithe as a gcuid tacaíochta agus as a gcuid comhairle le linn na tréimhse athbhreithnithe agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an bhfoireann bhainistíochta agus le gach ball foirne san institiúid as a gcuid tiomantais leanúnaigh.



An tOllamh Ciarán Ó Catháin
Stiúrthóir

Faigheann an Dr Patrick Mulhern, Ceannaire Forbartha, ITBÁL, Dámhachtain Chumais O_2 don tseirbhís chustaiméara ó Frank Fahey, TD, An tAire Stáit ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Le feiceáil freisin tá Caroline Casey, Príomhfheidhmeannach Fothaithe, An Aisling Foundation agus Danuta Gray, Príomhfheidhmeannach, O_2 in Éireann

Le feiceáil ag searmanas a cheiliúradh go bhfuil Cieran Temple ag éirí as an phost mar Cathaoirleach an Bhord Rialaithe, ITBÁL tá David Fenton, Iar-Stiúrthóir, ITBÁL; Cieran Temple (aoiléachtóir onorach); an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Stiúrthóir, ITBÁL; agus James Coyle, Iar-Cláraitheoir, ITBÁL.

2.0 RIALACHAS

2.1 BAILL AN BHOIRD RIALAITHE

Cinntear comhdhéanamh an Bhoird Rialaithe ag Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnda, 1992 agus 1994.

Baill *ex officio* de réir Cuid 4 d'Acht 1992
Cieran Temple, [Cathaoirleach, Cuid 2(a)]
(go Feabhra 2006)
Paul Breen, [Cathaoirleach, Cuid 2(a)]
(ó Mhárta 2006)
An tOllamh Ciarán Ó Catháin [Stiúrthóir, Cuid 2(b)]

Baill an Bhoird Rialaithe de réir Cuid 4 d'acht 1994

De Réir Cuid 4(1)(a)/(b)
Molly Buckley
Kitty Duignan
Nicky Mc Fadden
Peggy Nolan
Joe Whelan
Bridie Willers

De Réir Cuid 4(1)(c)
An Dr Mark Daly
Karen Leonard

De Réir Cuid 4(1)(d)
Peter McAleer

De Réir Cuid 4(1)(e)
Eoin Kiveney
Geraldine Killian

De Réir Cuid 4(1)(f)
Joseph LaCumbre

De Réir Cuid 4(1)(g)
Frank Conlon
Breda Crehan-Roche
Michael Gallagher
An Dr Yvonne Kennedy
Willie Loughnane

Rúnaí don Bhord Rialaithe
John Mc Kenna

2.2 FOIREANN BHAINISTÍOCHTA AGUS FOIREANN SHINSEARACH

Tá ceithre scoil ag an Institiúid: Scoil Ghnó, an Scoil Innealtóireachta, an Scoil Daonnachtaí agus an Scoil Eolaíochta, a roinntear gach ceann acu i rannóga le cúrsaí/cláir staidéir a sholáthar do mhic léinn. Tá Ceannasaí Scoile agus Ceannasaithe ábhartha Rannóige ag gach Scoil.

Stiúrthóir	An tOllamh Ciarán Ó Catháin
Cláraitheoir	An Dr Joseph Ryan
Rúnaí/Rialaitheoir Airgeadais	John McKenna
Ceannasaí Forbartha Acadúla agus Riaracháin	Eoin Langan
Ceannasaí Forbartha	An Dr Patrick J Mulhern
Ceannasaí na Scoile Gnó	John Cusack
Ceannasaí na Scoile Innealtóireachta	Austin Hanley
Ceannasaí Scoil na nDaonnachtaí	An Dr Marian Fitzgibbon
Ceannasaí na Scoile Eolaíochta	An Dr Paul Tomkins
Ceannasaí na Rannóige Oideachais do Dhaoine Fásta agus Oideachais Leanúnaigh	Michael Tobin
Ceannasaí na Rannóige Staidéar Gnó agus Bainistíochta	Peter Melinn (go Feabhra 2006) Alison Sheridan (gníomhach, ó Fheabhra 2006)
Ceannasaí na Rannóige Innealtóireachta Sibhialta, Tógála agus Mianraí	Fergal Sweeney
Ceannasaí Rannóg na gCeirdeanna Innealtóireachta	Kieran Heavin
Ceannasaí na Rannóige Daonnachtaí	Owen Ross
Ceannasaí Rannóg na nEolaíochtaí Beatha agus Fisiciúla agus Rannóige Innealtóireachta Plaisteach agus Polaiméire	An Dr Gertrude Taggart
Ceannasaí na Rannóige Innealtóireachta Meicniúla, Bogearraí agus Leictreonaí	Marcus Rahilly
Ceannasaí Rannóg na Staidéar Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte	Aideen O'Connor
Ceannasaí na Rannóige Seirbhísí Ríomhaireachta, Cuntasacht Ghairmiúil agus Airgeadais	Sean Arthur/Padraig Keenan (gníomhach, go Feabhra 2006) Peter Melinn (gníomhach, ó Fheabhra 2006)
Ceannasaí Rannóg na Staidéar Fáilteachais, Turasóireachta agus Só	John O'Hara
Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí na Mac Léinn	Geraldine Carroll
Bainisteoir an Eastáit	Gerard Connolly (gníomhach)
Bainisteoirí na Seirbhísí Seachtracha	Helen Fitzsimons/Lorna Walsh
Bainisteoir Airgeadais	Betty Buckley
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Alison Sheridan (go Feabhra 2006) Elizabeth Mellett (gníomhach, go Márta 2006) Enda McGuane (gníomhach, ó Mhárta 2006)
Bainisteoir Teicneolaíocht an Eolais	Pearse Murphy
Bainisteoir na Mac Léinn Idirnáisiúnta	Mary Simpson
Leabharlannaí	Josephine Corkery
Bainisteoir Cumarsáide is Margaíochta	Brian Lynch
Bainisteoirí na Seirbhísí do Mhic Léinn	Patricia McTiernan

3.0 GNÓTHAÍ ACADÚLA AGUS MAC LÉINN

Is í an Chomhairle Acadúil an Comhlacht Reachtúil a ceapadh ag an mBord Bainistíochta le cabhrú le pleanáil, le comhordú, le forbairt agus le maoirseacht ghníomhaíochtaí acadúla/oideachasúla na hInstitiúide. Cosnaíonn, cothabhálann agus forbraíonn an Chomhairle Acadúil caighdeáin acadúla ar fud na hInstitiúide, agus cuireann sí comhairle ar an mBord Bainistíochta faoi gach rud a bhaineann le hábhar i dtaca le caighdeáin acadúla

3.1 BALLRAÍOCHT NA COMHAIRLE ACADÚLA

Baill *Ex Officio*
An tOllamh Ciarán Ó Catháin (Cathaoirleach), an Dr Joseph Ryan (Rúnaí), Josephine Corkery, John Cusack, Mary Doyle, an Dr Marian Fitzgibbon, Austin Hanley, Eoin Langan, Brian Lynch, Patricia McTiernan, an Dr Pat Mulhern, an Dr Paul Tomkins.

Baill Cheaptha/Ainmnithe
JJ Curran, an Dr Mark Daly, Brigid Delamere, Barry Donnelly, an Dr Don Faller, Richie Hoare, Carmel Joyce, Ken Kinahan, Mary McDonnell-Naughton, Kevin McLoughlin, Sean O'Cluaid, Aideen O'Connor, John O'Hara, Alison Sheridan, an Dr Antoinette Sweeney, Fergal Sweeney

Ionadaithe de chuid na Mac Léinn
James Costello, James Kennedy, Eoin Kiveney, Catherine Thompson

3.2 FORBAIRTÍ ACADÚLA

3.2.1 Ginearálta
Léiríonn tuarascáil nua a foilsíodh ag comhairle stiúrthóirí institiúidí teicneolaíochta agus ag Uachtarán Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC) i Mí na Bealtaine, léiríonn sí go bhfuil ceann de na rátaí is airde críochnaithe clár staidéir ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, in earnáil na IT. Measúnaíonn an tuarascáil, a ullmhaíodh ag Grúpa Circa, rátaí críochnaithe do mhic léinn atá i mbun clár lánaimseartha staidéir sna hinstitiúidí idir 1999 agus 2004. Méadaíodh ráta iomlán críochnaithe ITBÁL ar feadh na gcúrsaí uile ó 55.5% go 81.4% sa tréimhse sé bliana faoi athbhreithniú go 2004 agus tá an ráta 6% níos airde ná an meán náisiúnta, 74.8%. Nuair a dhéantar anailís ag leibhéal na gcúrsaí, tá ITBÁL cuid mhór níos fearr ná an meán náisiúnta; críochnaíonn 77.9% agus 91.7% de na mic léinn teastais/dioplómaí agus céimeanna, faoi seach, le hais na bhfigiúirí náisiúnta: 70.4% agus 87.4%
Bronnadh tairiscint ar an Roinn Aosoideachais agus Oideachais Leanúnaigh, i gcomhar leis an Scoil Ghnó ag FÁS agus ag Fiontraíocht Éireann (ar luach €11,000) le clár sé seachtaine gnólachta nua-thionscanta a sheachadadh, clár a díríodh ar dhaoine fiontair nua-thionscanta ardfheidhmíochta. Táthar ag súil leis go gcuirtear an clár i bhfeidhm ar fud réigiún lár na tíre.
De réir chinneadh an bhoird rialaithe chuir an coiste feidhmiúcháin tús leis an bpróiseas le modhanna solúbtha seachadta a chur i bhfeidhm. Bunaíodh grúpa oibre modúlaithe agus bhí siad ag obair le linn sraithe cruinnithe leis an dlaíóg mhullaigh a chur ar thuarascáil a cuireadh faoi bhráid na comhairle acadúla. Cuireadh roinnt láithreoireachtaí faoi bhráid an choiste fheidhmiúcháin, lucht na bainistíochta sinsearaí, na foirne agus na mac léinn i dtaca leis na moltaí agus na roghanna.
Tugadh cuireadh don Dr Jenny Moon, comhairleoir neamhspleách agus ball d'Ollscoil Bournemouth, le teacht chuig an institiúid ar feadh dhá lá i Mí Feabhra le seisiúin iomlánacha a sheachadadh faoi fhorbairt mhodúl agus faoi thorthaí foghlama i gcomhthéacs mhodhanna solúbtha seachadta. Bhuail an Dr Moon agus an Dr Joseph Ryan, Cláraitheoir, le baill fhoirne ó gach scoil freisin le ceisteanna a fhreagairt roimh athchumrú cúrsaí le tacú le seachadadh modúlach.

Chuir an tOllamh Phil Race, Leeds Metropolitan University, chéad chéim eile na hoiliúna i láthair le tacú le modhanna solúbtha seachadta ag an institiúid i Mí Mhárta. Ba é sainchúram an Ollaimh Race ná cabhair a thairiscint i réimsí na foghlama agus an teagaisc le tacú le foghlaim, agus go háirithe i réimsí an mheasúnaithe agus an aiseolais. Chuir sé dhá sheisiún oscailte athráite i láthair don fhoireann, dar teideal 'Teaching to Make Learning Happen' agus 'Making Assessment and Feedback Work'.
D'éascaigh oifig an stiúrthóra cruinniú de sholáthróirí áitiúla iarArdteistiméireachta le foireann shinsearach de chuid na hinstitiúide le scrúdú a dhéanamh ar an scóp atá ann do chomhoibriú breise. Bhí an cláraitheoir ina chathaoirleach ar chruinniú eile ina dhiaidh sin de chomhghrúpa oibre a d'aimsigh sineirgí agus chomhaontaigh sonraí le tuarascáil a mhúnlú a chuirfí faoi bhráid an ghrúpa níos iomláine.
D'eagraigh an institiúid sraith de thráthnónta eolais faoin oideachas tríú leibhéal, dar teideal 'AIT All Aboard', inar díríodh ar bhailte móra i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (BMW). Bhí an feachtas dírithe ar dhaltaí meánscoile, tuismitheoirí, múinteoirí agus aon duine ar spéis leo foghlaim ar feadh an tsaoil.
Thug an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Austin Hanley, Ceannaire na Scoile Innealtóireachta, agus Mary Simpson, Bainisteoir na Mac Léinn Idirnáisiúnta, thug siad cuairt ar an tSín i Mí Dheireadh Fómhair. Ghlac Mary Simpson páirt freisin i Misean Oideachais Fhiontraíocht Éireann go Súl, an Chóiré Theas i Mí Dheireadh Fómhair.
D'fhill an tOllamh Ó Catháin agus Mary Simpson, Bainisteoir na Mac Léinn Idirnáisiúnta, ar an tSín le cuairt a thabhairt ar ollscoileanna comhpháirtí agus ar oifigí gníomhaire i Mí Mheithimh. Thapaigh siad an deis le linn na cuairte seo le Cumann Céimithe Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain a sheoladh sa tSín. D'fhreastail grúpa céimithe ITBÁL a bhí tar éis filleadh ar an seoladh, a tionóladh i Shanghai.
D'fhreastail Céline Peignen, Comhordaitheoir na hOifige Idirnáisiúnta, agus an Dr Harman Murtagh, Léachtóir Sinsearach, an Scoil Ghnó, ar Chomhdháil NAFSA (Cumann na nOideachasóirí Idirnáisiúnta) i Montreal, Ceanada, i Mí na Bealtaine. Ba é ábhar na comhdhála, ar fhreastail 7,400 teachtaí creidiúnaithe uirthi, ná 'cur chun cinn ár dtiomantais idirnáisiúnta'.
Molann Bille na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006, a foilsíodh go déanach sa bhliain acadúil, molann sé athruithe suntasacha a fheicfidh aistriú raon freagrachtaí i dtaca le rialachas, maoiniú agus oibriúcháin na hinstitiúide ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chuig an Údarás um Ardoideachas (ÚAO). Cuirfidh an reachtaíocht a mholtar ar chumas ITBÁL freagra a thabhairt i bhfad níos tapúla ar athruithe ina timpeallacht agus le neamhspleáchas níos mó na hinstitiúide beidh sí in ann cur le forbairt réigiún lár na tíre ar bhealach níos éifeachtaí, faoi mar a leagtar amach sa ráiteas misin.

3.2.2 An Scoil Ghnó

Chuir dáréag mac léinn tús i Mí Mheán Fhómhair leis an gclár MBA feidhmiúcháin a forbraíodh in ITBÁL. Seo na chéad mhic léinn a bheas i dteideal céim MBA a fháil ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

Ag freastal ar seimineár an Irish Accounting and Finance Association (IAFA) ag an Institiúid, i Mí na Bealtaine, tá Peter Melinn, ITBÁL; an tOllamh John Burns, University of Dundee (aoichainteoir); John Cusack, Ceannasaí na Scoile Gnó; agus Antoinette Flynn, Cathaoirleach, IAFA.

Thionóil an Scoil seimineár rafar ar son Cumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na hÉireann (IAFA). Labhair an léachtóir agus scríbhneoir oirirc ar chúrsaí cuntasaíochta agus airgeadais, an tOllamh John Burns, Ollscoil Dundee, faoin ábhar 'Athruithe sa Chuntasaíocht Bhainistíochta'. D'fhreastail a lán lán daoine ar an imeacht, ionadaithe ó institiúidí teicneolaíochta, ollscoileanna, ón tionscal, ón earnáil bhaincéireachta, ón earnáil phoiblí agus ó lucht cleachtais chuntasaíochta bainistíochta. Urraíodh an seimineár ag Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA).

3.2.3 An Scoil Innealtóireachta

Sheachad an tOllamh Mike Ashby agus an Dr Helen McLachlan, Ollscoil Cambridge, sheachad siad cúrsa oiliúna faoin gcóras Cambridge Engineering Selector (CES) do líon ball foirne ón scoil.
Bhain Gypsum Ireland úsáid as na háiseanna plástrála ag an gCampas Thoir do chúrsa oiliúna dá bhfoireann theicniúil. Dheon an comhlacht ábhair agus earraí ar luach €1,500 lena n-úsáid ar chúrsa plástrála na hinstitiúide.
D'fhoilsigh Joe O'Brien, ón Scoil Innealtóireachta, alt san Annual Extractive Industry Ireland Review, alt dar teideal 'Irish Mining and Quarrying Society's educational links through Athlone Institute of Technology'.

3.2.4 An Scoil Daonnachtaí

Bhí líon na mac léinn don rannóg aosoideachais agus oideachais leanúnaigh fós ag leibhéal ard don bhliain acadúil. Chonacthas treocht aistrithe ó chláir mhaireachtála dearfaí/chaithimh aimsire go cláir acadúla/ghairmiúla. Beidh an rannóg ag seachadadh clár in dhá ionad for-rochtana (Cora Droma Rúisc, Co Liatroma, agus Tulach Mhór, Co Uíbh Fhailí) le linn na bliana acadúla seo.
Eagraíodh ceardlann aon lae faoi theagasc grúpaí móra do rannpháirtigh trasinstitiúide; ba é an Dr Phil Race, oideachasóir oirirc ó Ollscoil Leeds, a thug an cheardlann, a eagraíodh ag coiste teagaisc agus foghlama na scoile le tús a chur leis an mbliain acadúil.
Rinne an scoil socruithe do chlár oiliúna foirne agus é mar chuspóir aige na seirbhísí atá ar tairiscint do mhic léinn a athchalabrú agus a fheabhsú tuilleadh. Ghlac foireann uile na scoile páirt i gceardlanna faoi úsáid éifeachtach na seirbhíse leabharlainne le treoir a éascú do na mic léinn sa diminsean ríthábhachtach seo foghlama. Fuair an fhoireann teagasc faoi conas a gcuid nótaí a chur ar fáil do mhic léinn ar an inlíon. Téann an dá thionscnamh seo i dtreo feabhas a chur ar chumas na mac léinn feidhmiú mar fhoghlaimeoirí féinrialaitheacha agus ag an am céanna ag athrú stádais thraidisiúnta an léachtóra go ról níos éascaithí.
Ghlac baill fhoirne sa réimse staidéir shóisialta páirt i gclár faoi theagasc ag leibhéal na máistreachta, clár a sheachad an Dr Clare Rigg, IT Trá Lí.
Mar chuid d'iarracht naisc a neartú idir an Rannóg Fáilteachais, Turasóireachta agus Só agus an tionscal fáilteachais agus turasóireachta, tugadh cuireadh d'ionadaithe ón tionscal cuairt a thabhairt ar an rannóg i Mí na Samhna.
D'fhreastail saineolaithe sa réimse cúraim leanaí ar chruinniú, le foireann na scoile agus na Rannóige Daonnachtaí, le forbairt chláir a phlé i réimse na bainistíochta creise. I measc na n-áisínteachtaí a raibh ionadaithe dá gcuid i láthair bhí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Cumann Réamhscoile agus Naíonra na hÉireann, Cumann Náisiúnta Naíscoileanna na Leanaí agus Coiste Cúraim Leanaí na hlarmhí, chomh maith le hionadaí soláthróirí príobháideacha sa réimse seo.
Thionóil an scoil ceardlann do mhaoirseoirí áisínteachta, a mhaoirsíonn mic léinn chúraim shóisialta agus iad ar socrúchán oibre (d'fhreastail 29 maoirseoirí ó 18 áisínteachtaí de chuid na hearnála cúraim shóisialta ar an gceardlann). Bhí foireann acadúil an staidéir shóisialta i láthair freisin.
Thionóil an rannóg aosoideachais agus oideachais leanúnaigh dhá phainéal comhairliúcháin shaineolaigh le linn na bliana le forbairtí cláir pháirtaimseartha a phlé arbh fhéidir iad a chur i bhfeidhm i réimsí na hoiliúna, an oideachais agus na foghlama ar feadh an tsaoil. D'fhreastail ionadaithe ó líon áisínteachtaí atá páirteach san aosoideachas, ar a n-áirítear Coistí Gairmoideachais (CGO), Youthreach, an tseirbhís phríosúin, cumainn lucht siúil, an Áisínteacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA), an Lárionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas (NCGE), eagraíochtaí tacaíochta míchumais agus léachtóirí aosach.
Thionóil an rannóg aosoideachais agus oideachais leanúnaigh painéil chomhairliúcháin shaineolaigh freisin i dtaca le forbairtí cláir pháirtaimseartha an Staidéir Fheidhmiúil Andúile. Ghlac 10 saineolaithe ó gach réimse den Staidéar Andúile páirt, ar a n-áirítear an tseirbhís phríosúin, baill IAAAC, seirbhísí comhairliúcháin agus léachtóirí andúile.
Eagraíodh ceardlann maoirsithe thaighde i mí na Bealtaine, ceardlann a raibh an Dr Dan Remenyi, Comhairleoir TE agus Ollamh ar Cuairt, Coláiste na Tríonóide, i gceannas air. Ghlac roinnt bhall foirne páirt sa chlár seo agus rinneadh freastal ar chúigear rannpháirteach an ceann ó IT Cheatharlaigh agus IT Dhún Dealgan freisin, sa chéad tionscnamh den chineál seo riamh.

3.2.5 An Scoil Eolaíochta

Thairg an scoil an clár Ardteastais Altranais Fhiaclóireachta agus an clár Ardteastais do Theicneoirí Cógaslainne den chéaduair. Tairgeadh an dá cheann trí admháil dhíreach don bhliain seo ach déanfar iad a riar tríd an gcóras Lároifige Iontrála d'iarrthóirí sa todhchaí.
Tá an Rannóg Eolaíochtaí Saoil agus Fisiciúla ina chuid de chuibhreannas Beilgeach ar bronnadh maoiniú Socrates dó le tacú le haistriú mac léinn i réimse bailíochtaithe modhanna ionstraimeacha: IP VALIM (Bailíochtú Ionstraimí agus Modhanna). Tionóladh comhdháil an-rafar do mhic léinn altranais tréidliachta i Mí Eanáir - meastar gur seo an chéad imeacht dá leithéid a eagraíodh sa tír. Urraíodh na léachtaí agus na láithreoireachtaí ag roinnt comhlachtaí cógaisíochta agus d'fhreastail breis is 160 teachtaí ar an gcomhdháil.
Chríochnaigh 42 iarrthóirí cúrsa Sláinte agus Sábháilteachta Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann (NISO) san Institiúid. Bronnadh teastais NISO ar na hiarrthóirí sin ar éirigh leo ag searmanas bronnta sa Prince of Wales, searmanas ar fhreastail an Dr Sean Reidy air; ba é a d'eagraigh an cúrsa.
Bhronn Saotharlann an Stáit HP GC (Crómatagraf Gáis) le hUathshamplóir agus roinnt suimeálaithe ar an Rannóg Eolaíochtaí Saoil agus Fisiciúla. Lonnaíodh an meaisín seo sa tsaotharlann anailíseach CNMR.
Eagraíodh seimineár pleanála slí beatha do na mic léinn sin atá cláraithe i mbliain 1 agus 2 de na cláir bhiteicneolaíochta, thocsaineolaíochta, eolaíochta cógaiseolaíche, cheimice agus bhitheolaíochta. Ba é cuspóir na himeachta ná mic léinn a chur ar an eolas faoi dheiseanna slí beatha sa todhchaí, agus sin a dhéanamh i gcéim luath a gcuid oiliúna.
Tugadh cuireadh do bheirt a fuair céim eolaíochta ó ITBÁL le déanaí le haitheasc a thabhairt do na mic léinn i dtaca lena dtaithí shlí beatha.

3.3 FAOMHADH CÚRSAÍ

Faomhadh na cúrsaí seo a leanas ag an instiúide le linn na bliana, de thairbhe an údaráis a thairmlig Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) uirthi (tá na leibhéil de réir an Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí):

- Céim Onórach Bhaitsiléire Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta (L8)
- Céim Bhaitsiléire Ealaíne i Staidéar Andúilíocht Fheidhmeach (L7) leis an Addiction Training Institute, ATI
- Ardteastas Ealaíne i Staidéar Andúilíocht Fheidhmeach (L6), leis an Addiction Training Institute, ATI
- Ardteastas Gnó le Ceol agus Teicneolaíocht Uirlisí (L6)
- Ardteastas Eolaíochta i Teicneoir Phoitigéara (L6)
- Ardteastas Eolaíochta in Tréidliachta Cúnta (L6)

Faomhadh an institiúid chun an Teastas don Chleachtas Pearsanra a thairiscint, ó Mhí Mheán Fómhair, thar ceann an Chartered Institute of Personnel and Development (CIPD).
D'fhorbair an institiúid an cúrsa leibhéil 5 seo, Teastas i Spórt agus Scileanna Saoil (L5, FETAC), le tairiscint i gcomhoibriú le FÁS

Rannpháirtigh ón gcúrsa Bainistíocht na Seirbhísí Custaiméara ón ILM, faoi shainchúram CBI®: (chun tosaigh) Anne Hanlon, Collette Donnelly, Brigid Kelly; (i lár): Pat Kelly, Terry Harmer, oide, Breda Lynch Bainisteoir, CBI®; (ar cúl) Seamus McManus, Stephen Curran agus Gary Reynolds.

Bronnadh deimhniúchán ar CBI®, Competitive Business Intelligence®, an t-aonad gnó, bainistíochta agus oiliúna TE atá á reáchtáil ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, as 12 chinn dá chuid clár gearrthéarmach oiliúna bainistíochta ag an Institiúid Cheannaireachta agus Bhainistíochta (ILM) i Mí an Mheithimh. Cuimsíonn na cláir a deimhníodh na cláir bhainistíochta AD,sláinte agus sábháilteachta agus bainistíochta tionscadail a thairiscíonn CBI®. Léiríonn an deimhniúchán seo an leibhéal méadaithe gairmiúlachta a theastaíonn sa tionscal agus an gá atá ann le haitheantas a fháil ó chomhlacht gairmiúil do gach cineál oiliúna, go háirithe oiliúint ghearrthéarmach.

3.4 NA CÚRSAÍ A THAIRISCÍTEAR

Tugtar liosta de na cúrsaí uile a sholáthraítear ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain le linn na bliana i réamheolaire na hInstitiúide, i Sceideal Cláir Oideachais do Dhaoine Fásta agus Leanúnach, agus ar shuíomh idirlín na hInstitiúide.

3.5 SCRÚDAITHEOIRÍ SEACHTRACHA

3.5.1 Scrúdaitheoirí Seachtracha (don Institiúid)

Ceapadh scrúdaitheoirí seachtracha de réir nósanna imeachta agus treoirlínte na hInstitiúide d'fheidhmiú an chórais sheachtraigh scrúdaitheora do chúrsaí múinte, a bhailíonn HETAC de réir mar a theastaíonn faoi Chuid 23 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachais agus Oiliúna), 1999.

3.5.2 Scrúdaitheoirí Seachtracha (ón Institiúid)

Ceapadh roinnt de bhaill fhoirne na hInstitiúide mar Scrúdaitheoirí Seachtracha ag HETAC agus ag Comhairle na nDamhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) don bhliain.

3.6 STAITISTICÍ FAOI NA MIC LÉINN

Roghanna LárOifig Iontrála (CAO)

Déanann an LárOifig Iontrála (CAO) iarratais a phróiseáil go lárnach le haghaidh admhála go cúrsaí fochéimí in institiúidí tríú leibhéil. Ba iad seo a leanas na staitisticí iontrála d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain i Mí Mheán Fómhair 2005:

Gach Rogha[1]	18,985
Chéad Roghanna[2]	3,443
Inghlacthachtaí (glan)[3]	994
Cláraithe[4]	905

1 Líon iomlán na roghanna a luaíodh d'ITBÁL sa liosta iomlán rogha CAO.
2 Líon na n-iarrthóirí CAO a luaigh cúrsa ag ITBÁL mar a gcéad rogha.
3 Líon na n-inghlacthachtaí de thairiscintí CAO d'áit ag ITBÁL, nach sáraítear ag tairiscint in áit eile.
4 Líon na mac léinn ar tairiscíodh áit ag ITBÁL a ghlac lena n-áit ag an Institiúid.

Líon na Mac Léinn Lánaimseartha a Cláraíodh (trí Leibhéal Cúrsa), amhail ar 31 Eanáir 2006

Leibhéal Cúrsa	Líon na Mac Léinn	%
Ardteastas	1,065	25.5
Gnáthchéim Bhaitsiléara	1,134	27.1
Céim Onórach Bhaitsiléara/ Cúrsaí Gairmiúla	1,302	31.2
Iarchéimí	71	1.7
Printíseach/Ceird	557	13.3
Bonnteastas	48	1.2
Iomlán	**4,177**	**100**



Líon na Mac Léinn atá Cláraithe san Iomlán (trí Mhód Cúrsa), amhail ar 31 Eanáir 2006

Mód Cúrsa	Líon na Mac Léinn	%
Lánaimseartha	3,572	65.4
Printíseach	327	6.0
Fáilte Ireland	230	4.2
Bonnteastas	48	0.9
Páirtaimseartha/Tráthnóna	1,283	23.5
Iomlán	**5,460**	**100**



Líon na Mac Léinn Lánaimseartha atá Cláraithe (trí Scoil), amhail ar 31 Eanáir 2006

Scoil	Líon na Mac Léinn	%
An Scoil Ghnó	1,265	35.0
An Scoil Innealtóireachta	798	22.0
An Scoil Daonnachtaí	922	25.5
An Scoil Eolaíochta	635	17.5
Iomlán	**3,620**	**100**



Líon na Mac Léinn atá Cláraithe go Páirtaimseartha agus Líon na gCúrsaí a sheachadtar tríd an Rannóg Oideachais do Dhaoine Fásta & Leanúnach

Scoil	Líon na Mac Léinn	%
Gnó	506	41.9
Innealtóireacht	92	7.6
Daonnachtaí	545	45.1
Eolaíocht	65	5.4
Iomlán	**1,208**	**100**
Líon Iomlán na gCúrsaí	**94**	



Cothromaíocht Inscne na Mac Léinn Cláraithe Lánaimseartha

Inscne	Líon na Mac Léinn	%
Firinscneach	1,655	45.7
Baininscneach	1,965	54.3
Iomlán	**3,620**	**100**



Clárú Printíseach trí Cheird, amhail ar 31 Eanáir 2006

Rannóg	Líon na Mac Léinn	%
Innealtóireacht	327	58.7
Óstaíocht & Lónadóireacht	230	41.3
Iomlán	**557**	**100**



Na Damhachtainí a Bronnadh (Searmanas Céimithe, Nollaig 2006)

Catagóir na Duaise	Líon na Mac Léinn	%
Leibhéal 6	418	21.0
Leibhéal 7	570	28.6
Leibhéal 8	639	32.1
Leibhéal 9/10	50	2.5
Cúrsaí Gairmiúla	32	1.6
Ceird	100	5.0
Eile	183	9.2
Iomlán	**1,992**	**100**



Na Damhachtainí a Bronnadh (trí Scoil/Rannóg) - Searmanas Céimithe, Nollaig 2006

Catagóir na Duaise	Líon na Mac Léinn	%
An Scoil Ghnó	754	37.8
An Scoil Innealtóireachta	585	29.4
An Scoil Daonnachtaí	215	10.8
An Scoil Eolaíochta	362	18.2
Rannóg Oideachais do Dhaoine Fásta & Leanúnach	76	3.8
Iomlán	**1,992**	**100**

Suirbhé na gCéimithe

Aithníonn ITBÁL an tábhacht a bhaineann le monatóireacht na gcéimithe ó thaobh a ndul chun cinn tar éis dóibh a gclár cúrsa a chur i gcrích. Úsáidtear an t-eolas a bhailítear sa suirbhé, a rinne an Oifig Ghairmeacha, ag foireann na hinstitiúide nuair a dhéantar na cúrsaí atá ann cheana a nuashonrú, agus nuair a fhorbraítear cláir chúrsa nua, agus tugtar eolas luachmhar faoi dheiseanna fostaíochta.

Líon na gCéimithe Páirteach sa Suirbhé	**1676**
Líon na nDaoine a thug Freagra	**1088**

Stádas na bhFreagróirí	**%**
Céimithe i Staidéir Bhreise	69.8
Céimithe atá Fostaithe	24.3
Céimithe atá ag lorg Fostaíochta	1.4
Céimithe atá Fostaithe go Páirtaimseartha	1.7
Céimithe nach bhfuil ar fáil le haghaidh fostaíochta[1]	1.4
Céimithe atá ar Obair Thaithí agus ar Scéimeanna Oiliúna	0.1
Féin-Fhostaithe	0.2
Céimithe nach bhfuil eolas ar fáil fúthu[2]	1.3



[1] Is é an rud atá i gceist anseo ná bheith ag taisteal thar lear nó tinn

[2] De thoradh ar gan na suirbhéanna a fháil ar ais ó na céimithe seo

Áit Dhúchais na Mac Léinn atá Cláraithe ar Chúrsaí Lánaimseartha Tríú Leibhéal

Is é an limistéar daonra is mó a cheanglaítear leis an Institiúid ná Contaetha na hIarmhí, Uíbh Fháilí, Longfoirt, Ros Comáin (deisceart) agus Gaillimh (oirthear). Taispeánann an chairt seo anailís ar áit dhúchais na mac léinn a bhíonn ag freastal ar an Institiúid.

Limistéar	**Líon**	**%**
Gaillimh	482	13.3
Longfort	235	6.5
Uíbh Fháilí	450	12.4
Ros Comáin	323	8.9
an Iarmhí	888	24.5
An chuid eile den tír	1,054	29.1
Eorpach	146	4.0
neamh-Eorpach	42	1.2
Iomlán	**3,620**	**100**



Cúlra Socheacnamúil na nDaltaí nua iontrála atá cláraithe ar Chláir Lánaimseartha Tríú Leibhéal

Cuireann cúlra socheacnamúil na mac léinn atá cláraithe ag an Institiúid béim ar an dóigh a gcabhraíonn an Institiúid le deis a thabhairt do mhic léinn ó cheantair atá níos ísle go socheacnamúil, agus léirítear go háirithe an fáth a n-éiríonn mic léinn as a gcúrsa staidéir.

Catagóir Fhostaíochta an Tuismitheora	%
Feirmeoirí agus Oibrithe Talmhaíochta	8.5
Slite Beatha Níos Airde	3.5
Slite Beatha Níos Ísle	9.7
Fostaitheoirí/Bainisteoirí	4.1
Fostaithe ar Tuarastal	8.8
Oibrithe Láimhe	3.8
Neamh-Oibrithe Láimhe	15.8
Ní fios	45.8
Iomlán	**100**



Fáthanna a n-éiríonn mic léinn as cúrsaí lánaimseartha a bhfuil siad cláraithe orthu

Gach bliain fágann líon substaintiúil de na mic léinn an Institiúid gan na scrúduithe a chríochnú. Seo a leanas briseadh síos de na fáthanna a thugann na mic léinn do thréigbheáil an chúrsa.

Cúis ar éiríodh as an gcúrsa	%
Airgeadais	8.2
Pearsanta	8.2
Imeacht go IT nó ollscoil eile	9.2
Fostaíocht	24.8
Printíseacht	9.2
PLC/NCVA/cúrsa eile	6.4
Níor thaitin an cúrsa leis an mac léinn/Níor oir an cúrsa don mhac léinn	5.5
Cúiseanna Leighis	8.2
D'athraigh an cúrsa	0.9
Le cur isteach ar admháil an bhliain dar gcionn	0.9
Le bliain amach a thógáil	0.9
Níor sonraíodh an chúis	4.8
Cur siar an chúrsa	11.0
Tá an cúrsa ró dhéanach/taisteal	0.9
Cláraithe ach níor fhreastail riamh	0.9



Líon na Mac Léinn a bhaineann leas as Deontais/Duaiseanna Ciste Sóisialta Eorpach (CSE), Údaráis Áitiúil agus Eile

Ní thagraíonn na figiúirí seo ach do dheontais agus do dhuaiseanna a riarann an Institiúid

LEIBHÉAL NA CURSAÍ	Líon na Mac Léinn a Fhaigheann Deontais Cothabhála								Táille na Mac Léinn amhain TLT N	Mac Léinn Neamh-Deontais TLT None	LÍON IOMLÁN NA MAC LÉINN
	Ráta Cóngarach -TLT B				Rátaí Neamh-Cóngrach - TLT A						
	Lán B+BS	75%	50%	25%	Lán A+AS	75%	50%	25%			
LEIBHÉAL 6	47	1	4	4	407	19	15	11	7	423	938
LEIBHÉAL 7	30	3	2	3	313	18	11	10	8	303	701
Iomlán	77	4	6	7	720	37	26	21	15	726	1639

Derek Bradley, Céim Onórach Bhaitsiléireachta Eolaíochta i Tocsaíneolaíochta, bliain 4, a fuair an tríú áit i gcomórtas náisiúnta do thionscadal fochéime faoi shábháilteacht bia don d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, in éineacht lena mhaoirseoir an Dr Neil Rowan, scoil eolaíochta, ITBÁL.

D'éirigh le Cathal Dundon agus Jimmy Worley, Céim Bhaitsiléire Innealtóireacht Meicitreonaice, i mbabhta ceannais na Meicniúla sa Chomórtas Náisiúnta Scileanna.

3.7 DUAISEANNA MIC LÉINN/SPEISIALTA

Bronnadh an tríú háit ar **Derek Bradley** Céim Onórach Bhaitsiléireachta Eolaíochta Tocsaíneolaíochta, bliain 4, sa chomórtas bliantúil náisiúnta tionscadail sábháilteachta d'fhochéimithe a eagraíonn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann lena thionscadal, a ndearna an Dr Neil Rowan, an Scoil Eolaíochta, ITBÁL, maoirseacht air.

D'éirigh le **Sarah Brennan**, mac léinn taighde iarchéime sa Ghrúpa Taighde EDC, an Scoil Eolaíochta, d'éirigh léi a PhD viva a chur i gcrích (maoirseoir PhD: Andy Fogarty, an Scoile Eolaíochta).

D'éirigh le seachtar mac léinn ó chláir dheartha na hinstitiúide, **Olivia Browne**, **Ciara Fitzgerald, Jude Flynn, Edel McMahon, Andrew McManus, Emma Perry** agus **Shane O'Reilly**, i Scéim Mheasúnaithe Mhac Léinn an Chumainn Idirnáisiúnta Dearthóirí Clógrafacha, a tionóladh i mBaile Átha Cliath i Mí na Bealtaine.

Fuair **Marie Burke**, Ceím Onórach Bhaitseiléire Gnó sa Bhainistíocht Ghnó Thurasóireachta agus Fháilteachais, fuair sí an chomhchéadáit, agus moladh go hard **Marie McGowan**, Baitseiléir Gnó sa Bhainistíocht Oifige Tosaigh agus Turasóireachta, as a gcuid póstaer a cuireadh faoi bhráid dhara comhdháil bhliantúil an Taighde Thurasóireachta agus Fháilteachais in Éirinn. Thug na póstaeir aghaidh ar théamaí na bainistíochta imeachtaí agus na rianta turasóireachta.

D'éirigh le **John Crotty**, printíseach/mac léinn i gCeird na Pluiméireachta, i mbabhta ceannais na Rannóige Pluiméireachta, sa Chomórtas Náisiúnta Scileanna i Mí Mhárta.

Rinne beirt de mhic léinn idirnáisiúnta na hinstitiúide, **Jipeng Dong**, ón tSín, agus **Tushar Sharma**, ón India, ionadaíocht ar Chomórtas Feabhas sa Leictreonaic Intel. Buaiteoirí réigiúnacha an chomórtais iad beirt.

Bhí **Mary Doyle**, a chríochnaigh taighde iarchéime le déanaí sa Scoil Eolaíochta, agus atá mar Oifigeach Forbartha Ardchaighdeáin na hinstitiúide, bhí sí ar ghearrliosta an bhabhta cheannais den Dámhachtain Náisiúnta Ráthaíochta Ardchaighdeáin (IQA) tar éis di achoimriú a tráchtais A Blueprint for Excellence at Athlone Institute of Technology (lena Maoirseoir Jim Roche, An Scoil Eolaíochta) a chur faoina mbráid.

Bhuaigh **Cathal Dundon** agus **Jimmy Worley**, mic léinn sa Bhaitsiléir Innealtóireachta agus Meicitreonaice, bliain 3, bhuaigh siad an Comórtas Náisiúnta Scileanna Meicitreonaice, a bhíos á reáchtáil ag an Roinn Oideachais, agus tá siad san áireamh anois d'fhoireann na hÉireann don Chomórtas Domhanda Scileanna 2007, sa tSeapáin.

Bhí **Fiona Fox** agus **Edel McMahon**, Céim Bhaitsiléire Ealaíon i nDearadh (Cumarsáid), i measc triúr mac léinn a bhí ar an ngearrliosta dá gcuid iontrálacha sna Dámhachtainí Bliantúla Éifeachtúlachta Deartha a eagraíonn Cumann Gnó an Dheartha Ghrafaigh.

Bronnadh Scoláireacht Ollscoile Johnson and Wales ar **Enda Gaffey**, Céim Bhaitsiléire Ealaíon sna hEalaíona Cócaireachta, bliain 2, scoláireacht taistil le bheith ag staidéar ar feadh seimeastair sa phríomhOllscoil seo de chuid SAM.

Linda Galvin, buaiteoir dámhachtaine le fógra nua pictiúrlainne a dhearadh agus a tháirgeadh do na Samáraigh, le feiceáil agus í i mbun a dámhachtain a fháil ó Dorrie Mangan, Bainisteoir Ginearálta, Seirbhísí Cúraim Phobail, An Longfort/an Iarmhí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Limistéar Lár Tíre.

Cuid de mhic léinn na hInstitiúide le feiceáil ag Láithreoireacht Bhliantúil Duaiseanna Spóirt ITBÁL le Packie Bonner, aoichainteoir (chun tosaigh, 4ú ar dheis); an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Stiúrthóir, ITBÁL (chun tosaigh, 3ú ar dheis); Gordon Brett, Oifigeach Spóirt, ITBÁL (chun tosaigh, ar clé), Garry Sammon, Oifigeach Forbartha CLG, ITBÁL (ar lár, ar clé); agus Richard O'Hara, Comhordaitheoir Spóirt, ITBÁL (ar lár, ar dheis).

Bhuaigh **Linda Galvin**, Céim Onórach Bhaitsiléire Ealaíon in Amharc-Dearadh, bliain 3, comórtas le fógra nua pictiúrlainne a dhearadh agus a tháirgeadh do na Samáraigh atá le taispeáint ar fud oirthear na hÉireann.
Fuair **Elaine Meehan**, Céim Onórach Bhaitsiléire Ealaíon i nDearadh i Staidéir Ilmheánacha, an dara háit i gcomórtas de chuid Bhanc na hÉireann le Cárta Creidmheasa a dhearadh.
Bhuaigh **Shane O'Reilly** Céim Onórach Bhaitsiléire Ealaíon in Amharc-Dearadh, bliain 3, Dámhachtain Déanta Priontaí Chumainn Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) i Mí Lúnasa, le saothar ealaíne dar teideal 'Forgotten'.
Bronnadh dámhachtain speisialta ar **Ross Wasson**, printíseach i gCeird na Innealtóireacht Mótarfheithicil, mar aitheantas gur bhuaigh sé an Bonn Óir san innealtóireacht Ghluaisteán sa Chomórtas Domhanda Scileanna in Helsinki i Mí na Bealtaine.

3.8 GNÍOMHAÍOCHTAÍ SPÓIRT

Tugtar sonraí faoi chuid de na hiontais atá bainte amach ag foirne agus ag daoine aonair ar fud na bliana in ***Aguisín I.***
Tionóladh 23ú Láithreoireacht Bhliantúil Duaiseanna Spóirt na hInstitiúide i Mí Aibreáin. Bronnadh na dámhachtainí ag Packie Bonner, iarchúl báire de chuid Phoblacht na hÉireann agus Stiúrthóir Teicniúil agus cóitseálaí cúl báire Chumann Sacair na hÉireann. Bronnadh duaiseanna ar mhic léinn ó gach ceann de chlubanna spóirt na hInstitiúide.

Le feiceáil ag Dámhachtainí Ealaíne na Mac Léinn san RDS, bhí Margo McNulty, ón Scoil Daonnachtaí, ITBÁL, an Dr. Austin Mescal, Uachtarán RDS, agus Shane O´Reilly, ITBÁL, a bhuaigh Duais oirirc Déanamh Priontaí RDS. Ar cúl tá dhá phrionta de chuid Shane le feiceáil: 'Storyteller' agus an iontráil a fuair dámhachtain, 'Forgotten'.

Cuid de shealbhóirí reatha scoláireachtaí na hInstitiúide le feiceáil ag Láithreoireacht Bhliantúil Duaiseanna Spóirt ITBÁL le Packie Bonner, aoichainteoir (chun tosaigh, ar lár); an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Stiúrthóir, ITBÁL (chun tosaigh, 2ú ar dheis); Gordon Brett, Oifigeach Spóirt, ITBÁL (chun tosaigh, ar clé), Richard O'Hara, Comhordaitheoir Spóirt, ITBÁL (chun tosaigh, ar dheis) agus Garry Sammon, Oifigeach Forbartha CLG, ITBÁL (ar lár, ar dheis).

I mbliana bronnadh 28 scoláireacht faoin scéim Scéim Scoláireachta Spóirt na hInstitiúide sna réimsí seo: Camógaíocht, Eitpheil, Galf, Iomáint, Peil Ghaelach, Rugbaí agus Sacar. Is iad Contaetha Gaillimh, Cill Dara, Longfoirt, Maigh Eo, Uíbh Fháilí, Ros Comáin, Tiobraid Árann agus na hIarmhí áit dhúchais na mac léinn seo.

3.9 SEIRBHÍSÍ MIC LÉINN

Soláthraíonn Rannóg na Seirbhísí Mic Léinn raon seirbhísí agus áiseanna le tacú le idir fhorbairt intleachtúil agus phearsanta na mac léinn. Tá an institiúid bródúil as an gcur chuige dírithe ar mhic léinn a úsáideann foireann atá tiomanta d'fheabhsú breise na taithí foghlama. Is tosaíocht straitéiseach é an cur chuige seo a chothabháil agus leanúint ar aghaidh ag soláthar raon seirbhísí agus áiseanna le tacú le forbairt intleachtúil agus phearsanta gach mic léinn.

SEIRBHÍS	2005-2006	
Cuairteanna ar Lárionad Sláinte	2,671	
Freastail ar Sheirbhís Chomhairlithe (Soláthraítear Seirbhís Chomhairlithe na hInstitiúide ag Comhairleoir lánaimseartha amháin, a dtacaíonn Comhairleoir páirtaimseartha amháin leis)	171 Ceisteanna/cuairteanna ginearálta ag thart ar 100 uair an chloig bhreise in aghaidh na bliana	
Cuairteanna ar Oifig na nGairmeacha (cuairteanna buail isteach)	coinní aonair cuairteanna buail isteach	477 2,000
Fostóirí a fhógraíonn trí oifig na ngairmeacha	1,595	
Leithdháileadh Maoinithe do Chiste Cabhrach na Mac Léinn (SAF)/Ciste Rochtana	Fóram Lárnach SAF: SAF: Séiplíneacht:	€245,915 €152,000 €40,000

Seo a leanas sampla de chuid de na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl ag Rannóg na Seirbhísí do Mhic Léinn le linn na bliana acadúla seo:

- Cuireadh tús leis an Tionscadal GATEWAY, tionscadal a dearadh le húsáid teicneolaíochtaí cúnta a éascú agus a spreagadh do dhaoine le míchumais a théann isteach san oideachas tríú leibhéal agus san ionad oibre. Chuir Oifigeach Tionscadail, Elaine O'Leary, tús le hobair ar fhorbairt agus ar fhoinsiú ábhair do shuíomh gréasáin na hÉireann.
- Thug an tSeirbhís Ghairmeacha tionscnamh nua isteach a dhírigh ar spreagadh feasacht ghairmeacha 'i mbun poist' do mhic léinn na bliana deiridh, agus é d'aidhm aige léargas laethúil a sholáthar i dtaca le róil áirithe cheirde i réimsí éagsúla gairme arbh fhéidir tabhairt fúthu.
- Tionóladh seisiún eolais faoi fhostú daoine le míchumais ag an institiúid, i gcomhar le hÁisínteacht Tacaíochta Fostaíochta Lár na Tíre, (MESA) agus FÁS, i Mí Iúil. Chuir an seisiún béim ar raon na dtacaí saor in aisce atá ar fáil d'fhostóirí agus taispeánadh an tsolúbthacht atá i gceist le fostú daoine le míchumais.
- Ghlac an institiúid páirt i measúnú clár rochtana a d'eagraigh Oifig Náisiúnta ÚAO do Chomhionannas Rochtana don Ardoideachas i mí Dheireadh Fómhair. Beidh an próiseas seo ina chabhair le haithint cad é a bhfuil ag éirí go maith leis i gcláir rochtana na n-institiúidí ardoideachais, le dea-chleachtas a roinnt laistigh d'institiúidí agus eatarthu, agus léireoidh sé na bearnaí agus na dúshláin a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu ag institiúidí agus mic léinn ó na grúpaí faoi ghannionadaíocht/imeallaithe.

- Soláthraíonn an Oifig Rochtana tacaíocht agus comhairle ginearálta do mhic léinn dhírithe atá ag staidéar san Institiúid agus freisin do na mic léinn sin a bhfuil sé i gceist acu dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal. Áirítear ar na gníomhaíochtaí agus ar na tionscnaimh atá ar fáil tríd an oifig:
- An Clár IarScoile Spóirt agus Oideachais (i gcomhar leis an Tionscadal Taighde Gníomhaíochta Oideachasúla i dTascfhórsa Pobail Bhaile Átha Luain): Tá sé d'aidhm ag an gclár a éascaítear tríd an oifig scileanna litearthachta agus uimhríochta na ndaltaí dírithe a fheabhsú (ón gcúigiú rang agus ón séú rang) trí dhul i dteagmháil leis an gcóras oideachais, trí rannpháirtíocht i gclár spóirt agus trí churaclam acadúil, agus ag feabhsú a gcuid scileanna sóisialta freisin.
- An Clár Choosing your Future (CYF): Cuireann an clár seo ar chumas na ndaltaí díriú, soiléiriú, cuspóirí a shocrú agus a gcuid poitéinsil féin a aithint chomh maith le socruithe ar an eolas a dhéanamh maidir lena n-oideachas agus a ngairm sa todhchaí. Soláthraíonn sé treoir agus comhairle do dhaltaí meánscoile maidir leis na cúrsaí atá á roghnú acu agus na roghanna atá ar fáil sa choláiste. Soláthraíonn an clár CYF na scileanna inaistrithe sin do na rannpháirtigh freisin, m.sh. scileanna staidéir agus scrúduithe agus bainistiú ama agus struis, a theastaíonn le go n-éireoidh leo sa timthriall sinsearach ag an dara leibhéal agus ag an tríú leibhéal.
- Clár Mata an tSathairn: Tá sé i gceist ag an gclár seo cabhrú le daltaí atá i mbaol teip a fháil sa mhata ag an ngnáthleibhéal san Ardteistiméireacht, rud a d'fhágfadh nach mbeidís i dteideal freastal ar mhórchuid na roghanna oideachais tríú leibhéal. Roghnaíonn a scoileanna na rannpháirtigh (.i. na 12 scoileanna a ainmníodh mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste a bhfuil nasc acu leis an oifig rochtana).
- An Bonnteastas sa Staidéar Rochtana: Tá sé i gceist ag an gclár seo cabhrú le foghlaimeoirí aosacha ar mian leo filleadh ar an staidéar tar éis sosa ina dtaithí oideachasúil agus ar féidir nár bhain siad leas iomlán as deiseanna oideachais roimhe seo, sin nó nach raibh teacht acu orthu. Tá sé i gceist ag an gcúrsa mic léinn a ullmhú go hacadúil agus go praiticiúil le go gcuirfí iad san áireamh d'admháil go cláir lánaimseartha leibhéal 6 agus 7 ag an Institiúid.
- An Ciste um Mhaitheamh an Táille Chláraithe: Tá an ciste um Mhaitheamh an Táille Chláraithe i bhfeidhm do mhic léinn, ar deacair leo a gcuid táillí cláraithe a íoc ar chúiseanna éagsúla - is gnáth gur mic léinn iad nach bhfuil i dteideal deontas a fháil, a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag cur as dóibh agus/nó atá ag brath ar uaireanta fada an chloig oibre nó ar iasachtaí móra pearsanta le maireachtáil agus le leanúint orthu de bheith ag freastal ar an gcoláiste.

4.0 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA

4.1 GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Críochnaíodh an t-aistriú foirne chuig an Lárionad um Thaighde Bogearraí Feidhmiúla (ASRC).
Shínigh an Institiúid comhaontú léasa leis an Údarás Forbartha Tionscail (IDA) d'úsáid an Lárionaid Fhorbartha Polaiméire (PDC), Baile Átha Luain, ar feadh tréimhse de thrí bliana. Síníodh comhaontú seirbhíse le Fiontraíocht Éireann a fhágann go bhfuil an institiúid tar éis an trealamh saotharlainne sin a fháil ar le Fiontraíocht Éireann é roimhe seo. Tugtar an Lárionad um Thaighde Nanaitheicneolaíochta agus Ábhair (CNMR) ar an áis nua seo, ar comhfhiontar é de chuid na Rannóige Innealtóireachta/ na Rannóige Eolaíochtaí Saoil agus Fisiciúla; tá sé lánoibríochtúil anois agus tionólann sé líon suntasach de mhic léinn taighde iarchéime innealtóireachta polaiméire na hinstitiúide. Ina theannta sin tá seirbhísí tástála tráchtála agus oibriúcháin oideachais agus oiliúna á soláthar ag an lárionad don tionscal.
D'fhreastail an Dr Clement Higginbotham, an Scoil Innealtóireachta, ar chruinniú leis an Dr Denis Dowling, an Rannóg Innealtóireachta Meicniúla, COBÁC, agus le John Cullen, Holfeld Plastics Ltd, Cill Mocheanóg, Co. Chill Mhantáin i Mí Mheithimh. Is é a bhí sa chruinniú seo ná tús Comhpháirtíochta Nuálaíochta (comfhiontar idir Holfeld Plastics, COBÁC agus ITBÁL). Beidh mar chuid den tionscadal seo, a d'eascair mar gheall ar fháil an CNMR ag ITBÁL, sintéis agus carachtracht ábhar pacáistithe nuálach in-bhith-dhíghrádaithe. Dheon Motorola gléas ultrasonach táthaithe don CNMR freisin. Athlonnaíodh áis CBI® na hinstitiúide go foirgneamh CNMR freisin.
Cuireadh tús le chéad chéim ghabhála shaotharlanna an Lárionaid um Thaighde Bithpholaiméire agus Bithmhóilíneach (CBBR) san fhoirgneamh nuálaíochta le haislonnú taighdeoirí le Innocoll Technologies chuig an lárionad le meastóireacht a dhéanamh ar theicneolaíocht seachadta drugaí.
Bhí Aonad Seirbhísí Seachtracha na hinstitiúide (ESU) i gceannas ar thionscadal, i gcomhar le Westbic agus i gcomhar le Expertise Ireland, le cumas T&F na n-institiúidí teicneolaíochta a chothú.
Bhí an tionscadal ag iarraidh foireann a aithint a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna agus comhairliúcháin laistigh de na hinstitiúidí, agus cuireadh próifíl do gach ceann de na hinstitiúidí, sonraí a gcuid áiseanna taighde agus a gcuid scoláirí ar shuíomh gréasáin Expertise Ireland.
Cheadaigh Áisínteacht Chógas na hEorpa (EMEA) ainmniúchán an Dr Don Faller, an Scoil Eolaíochta, ag Bord Cógas na hÉireann ar liosta EMEA na Saineolaithe Eorpacha do mheasúnú shábháilteacht na ndrugaí d'úsáid dhaonna agus ainmhithe.
Thug an tOllamh Ciarán Ó Catháin, an Dr Pat Mulhern, Ceannasaí Forbartha, agus an Dr Paul Tomkins, Ceannasaí na Scoile Eolaíochta, thug siad cuairt ar Georgia Institute of Technology (GTech), Atlanta, Georgia, SAM i Mí na Bealtaine.
Comhordaíodh an chuairt agus an clár oibre ag an Dr David Parekh, Leas-Stiúrthóir, Georgia Tech Research Institute (GTRI) agus Propast Comhlach don Taighde. Mórchuspóir de chuid na cuairte ná fáil amach faoi réimsí inarbh fhéidir comhoibriú idirinstitiúideach a chur i gcrích roimh lonnú GTech i mBaile Átha Luain i bPáirc Ghnó agus Theicneolaíochta an IDA.
D'fhreastail an Dr Clement Higginbotham, ón Scoil Innealtóireachta, ar oscailt oifigiúil Georgia Tech Ireland i mBaile Átha Luain i Mí Mheithimh. Le ceiliúradh a dhéanamh ar oscailt chéad Lárionaid Taighde Aistrithigh GTRI lasmuigh de SAM, chomhthionóil IDA Ireland agus GTRI comhdháil faoi 'Réitigh tríd an Nuálaíocht' agus rinne príomhlucht tionscail agus acadúlachta na hÉireann freastal uirthi. Ba chóir gur chabhair mhór é don taighde in ITBÁL go bhfuil GTRI lonnaithe i bPáirc Thionsclaíoch Bhaile Átha Luain, go háirithe san earnáil ghléasanna leighis agus bhithábhair.
Mar chuid leanta de thionscnamh oiliúna taighde na hinstitiúide, soláthraíodh cúrsa i ndearadh agus in iompar suirbhéanna don fhoireann i Mí na Bealtaine, 2006, cúrsa a maoiníodh ó Chistí Forbartha na Foirne agus na nIarchéimithe.
Rinneadh an clár seo a reáchtáil ag Anne Coughlan, comhairleoir suirbhé a bhíodh ag obair roimhe seo leis an Aonad Suirbhéanna in IBEC.

4.2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE

D'fhreastail na mic léinn ghrúpa taighde iarchéime Ábhar Bithleighis (innealtóireacht pholaiméire) ar roinnt comhdhálacha le linn na bliana agus chuir siad póstaeir agus/nó páipéir faoina gcuid oibre i láthair ag na himeachtaí seo.

Tugadh an Dr Brendan Kelly, ón Scoil Eolaíochta, ar iasacht ó Rialtas na hÉireann (trí Lárionad Taighde Comhshaoil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), a mhaoinítear ag an gClár Náisiúnta Forbartha), chuig rúnaíocht an Ghrúpa Idir-Rialtasaigh um Bhreathnuithe Domhain (GEO) ag an Eagraíocht Mheitéareolaíoch Dhomhanda sa Ghinéiv san Eilvéis.

Chuir an Dr Eileen Lane agus an Dr Paul Tomkins, ón Scoil Eolaíochta, moladh i láthair mar chuid de chuibhreannas nua AE le tástálacha nua tocsaineolaíochta in vitro a fhorbairt.

4.2.1 Cláir Thaighde

Taispeántar briseadh síos agus liostáil na dtionscadal taighde ar éirigh leo maoiniú a fháil trí Scoil in **Aguisín II**.

Cheadaigh comhairle acadúil na hinstitiúide córas cáilíochta Máistreachta leis na hiarrthóirí sin a éascú ar theip orthu bunchéim dara onóracha a fháil, ar a laghad, ach ar mian leo dul ar aghaidh le clár iarchéime a dhéanamh.

4.2.2 Comhoibriú Taighde

Bronnadh Deontas Taistil de chuid Fhiontraíocht Éireann ar Aideen O'Connor, an Scoil Eolaíochta, le dul i mbun taighde chomhoibrithigh le comhghleacaithe in Ollscoil Portsmouth ar staidéar dar teideal 'Impact of bullying behaviour on research environment performance: Development of psychobiological tools'.

Tugadh cuireadh don Dr Neil Rowan, ón Scoil Eolaíochta, togra iomlán a chur faoi bhráid SFI faoin gClár Frontiers. Forbraíodh an tionscadal seo, a imscrúdaíonn éifeachtúlacht díshalaithe agus steirilithe nuálaíche ionstraimí agus gléasanna leighis, i gcomhar le comhghleacaithe ón Scoil Bhitheolaíochta agus Eolaíochta Comhshaoil, COBÁC, an Rannóg Ainéistéise agus Míochaine Dianchúraim, OCO Gaillimh agus an Rannóg Innealtóireachta Leictreonaí agus Leictrí, Ollscoil Strathclyde, Alba.

Tacaíodh leis an Dr Gertrude Taggart, ón Scoil Eolaíochta, ag Fiontraíocht Éireann le tionscadal taighde comhoibritheach a fhorbairt leis an Ollamh Kathleen Murphy i gColáiste Daemen, Nua-Eabhrac. Chuir an Dr Paul Tomkins, ón Scoil Eolaíochta, le togra FP6 Craft, Modhanna Nuálacha d'Anailís Táirgí Luibhe, IMAhP leis na comhpháirtithe seo a leanas: Ecam di Camporese Renzo SaS, an Iodáil; Laboratorios Pejoseca SL, an Spáinn; SALIX Srl, an Iodáil; Phytobotanica Ltd, RA; Ollscoil Santiago de Compostela, an Spáinn; agus Ollscoil Padua, an Iodáil.

4.3 FORBAIRT AN CHAMPAIS

Cheadaigh an Rialtas tógáil an fhoirgnimh innealtóireachta/faisnéisíochta de réir an ghnáthbhealaigh mhaoinithe, is é sin le maoiniú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE). Thug toscaireacht ó Aonad Foirgníochta Tríú Leibhéal ROE cuairt ar an institiúid i Mí an Mhárta le tús a chur arís le plé faoi chur chun cinn an tionscadail seo. Bhí an cruinniú an-tógálach agus thairg ionadaithe na ROE ionchur teicniúil a sholáthar in aon phléite leis an bhfoireann deartha má theastaigh sin. Iarradh ar an bhfoireann deartha dearadh céim 4 a bhrostú sa tslí gurbh fhéidir iarratas pleanála a chur isteach.

Cuireadh tús le hobair ar athchóiriú na ceardlainne táthaithe/cothabhála go spás oifige riaracháin.

Tá an institiúid tiomanta do chothabháil agus uasghrádú leanúnacha foirgneamh ar caighdeán an-ard ar fad. Leis an ardaidhm seo a bhaint amach tugadh faoi chlár uaillmhianach oibreacha samhraidh roimh thús na bliana acadúla. I measc na n-oibreacha ar tugadh fúthu bhí

- cumhdach chuid ard thuaidh agus thiar eite innealtóireachta bhunfhoirgnimh na hinstitiúide, ag cur san áireamh athsholáthar na bhfuinneog agus athshreangú na seomraí innealtóireachta agus na saotharlann
- feistíodh na seomraí ranga le sonratheilgeoirí
- athchóiríodh an bunfhoirgneamh innealtóireachta mianraí go háis taighde don ASRC
- soláthraíodh siopa nua i gceaintín na mac léinn agus rinneadh seomra ranga de bhunsiopa na mac léinn

- soláthraíodh spás breise do bhaill fhoirne riaracháin sa leabharlann
- cuireadh feabhas ar an bpríomhbhealach isteach chuig foirgneamh na bprintíseach
- rinneadh a lán de na seomraí sa scoil ghnó, sa chaifealann agus i gcuid ard thiar fhoirgneamh na bprintíseach a phéinteáil
- críochnaíodh an balla teorann agus na bealaí isteach/amach don champas thoir agus tá balla tosaigh an phríomhchampais beagnach críochnaithe freisin, rud a sholáthraíonn bealach isteach suntasach don institiúid
- rinneadh seomra ranga den tseanchistin
- soláthraíodh spásanna nua stórála ceimiceán don Scoil Eolaíochta
- athchóiriú gach coire go gás nádúrtha
- tá an obair ar an bhfoirgneamh nua riaracháin (an seanfhoirgneamh táthaithe) agus ar an bplás beagnach críochnaithe
- tá obair shubstaintiúil tar éis bheith curtha i gcrích i dtaca le hardaitheoirí - baineadh an t-ardaitheoir laistigh agus athlonnaíodh san fhoirgneamh riaracháin é, agus tá ardaitheoir nua lasmuigh á chur sa phlás a dhéanfaidh freastal ar an trí urlár.

Bhain An Chéim comhaontú amach le Hewlett Packard leis na céimeanna eile den Tionscadal Uasghrádaithe Banner 7 (bunachar sonraí mac léinn) a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm; tá an t-uasghrádú seo éigeantach d'fheidhmiúlacht bhreise fheidhmchlár agus soláthraíonn sé comhéadan feabhsaithe úsáideora agus líon feabhsuithe feidhmiúla agus teicniúla. Tá sé i gceist go mbeadh an t-uasghrádú seo críochnaithe faoi 31 Nollaig 2006.

4.4 BAINISTÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA AGUS ÁISEANNA

Leanann an oifig shábháilteachta uirthi de bheith ag aithint ceisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa, de bheith ag cabhrú leis an lucht bainistíochta, leis an bhfoireann agus le mic léinn le réitigh a fhorbairt, agus bheith ag tacú go láidir le feabhsuithe leanúnacha bainistithe guaiseanna. Tá cur chuige comhpháirtíochta na hoifige sábháilteachta tiomanta freisin do phrionsabal an chomhairliúcháin le mic léinn agus le baill fhoirne le riachtanais sláinte, sábháilteachta agus leas a bhainistiú, trí mheán ionadaithe tofa sábháilteachta (idir mhic léinn agus bhaill fhoirne).

Ag tús na bliana acadúla eagraíodh 14 sheisiún ionduchtúcháin do na mic léinn agus dhá cinn do bhaill fhoirne, agus é d'aidhm acu labhairt faoi na nósanna imeachta bainistithe éigeandála agus na cleachtaí todhchaí éigeandála.
Tá DUS (Dífhibrileoir Uathoibríoch Seachtrach) ceannaithe ag an institiúid. Is féidir le daoine nach bhfuil oilte sa leigheas an gléas seo, atá taobh thiar den chuntar i leabharlann ITBÁL, a úsáid le turraing leictreach a thabhairt do dhuine a bhfuil stad cairdiach tar éis cur as dó nó di, lena mbeatha a tharrtháil. Soláthraíodh oiliúint do dhaoine ar féidir go mbeadh orthu é a úsáid trí chúrsa 'Heartsaver' de chuid Fhoras Croí na hÉireann.
Le linn na bliana ghlac baill den bhainistíocht fheidhmiúcháin páirt i naoi seisiún oiliúna i dtaca leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre, 2005. Nuair a chuirtear na rialacháin ghaolmhara i gcrích tríd an bpróiseas comhairliúcháin tá sé i gceist na seisiúin seo a nascadh le riachtanais an bhoird rialaithe, an lucht bhainistíochta, na foirne agus na mac léinn.
Mar chuid de chomóradh ar Sheachtain Sábháilteachta na hEorpa i Mí Dheireadh Fómhair rinne an institiúid druil faoi dhoirteadh ceimiceán, ina raibh an Scoil Eolaíochta agus na seirbhísí éigeandála uile páirteach. D'aithin an cleachtadh seo an gá atá ann le bainistiú feabhsaithe teagmhas agus le comhtháthú níos mó nósanna imeachta freagra éigeandála. Táthar ag tabhairt aghaidhe air sin go pointe trí bhunú Aonaid Chosanta Shibhialta ag an institiúid, a chuirfidh ar ár gcumas freagra a thabhairt ar ár gcuid riachtanas éigeandála féin chomh maith le riachtanais an phobail i gcoitinne.
Tosaíocht de chuid na hoifige sábháilteachta ná bainistiú sábháilteachta conraitheoirí ar an láithreán d'uasghrádú infrastruchtúr agus do na foirgnimh nua; is é an dúshlán atá os comhair na hinstitiúide ná athbhreithniú a dhéanamh ar an dearcadh, an bhraistint agus na cleachtais bhainistithe shábháilteachta atá aici agus í ag ailíniú a cuid acmhainní teicniúla agus fisiciúla le riachtanais an réigiúin.

5.0 ACMHAINNÍ DAONNA

Bainistíonn rannóg acmhainní daonna na hinstitiúide raon gníomhaíochtaí laistigh den institiúid agus cuimsíonn siad seo earcú agus oiliúint, bainistiú sochar fostaí, taifid fhostaithe agus polasaithe pearsanra.

5.1 TIONSCNAIMH ACMHAINNÍ DAONNA

Áirítear ar chuid de na tionscnaimh ar tugadh fúthu laistigh den bhliain:

Seimineáir Fheasachta Mhaistíneachta agus Chiaptha: D'eagraigh an institiúid sraith sheimineár atá le soláthar don fhoireann ar fad faoi fheasacht agus faoi sheachaint mhaistíneachta agus iompair chiaptha san ionad oibre. Tugadh oiliúint freisin do dhaoine ainmnithe le gurbh fhéidir leo gníomhú mar dhaoine teagmhála i gcomhthéacs pholasaí dínite na hinstitiúide.

Clár Cabhrach Fostaithe (CCF): Tá sé i gceist go mbeadh an CCF ar fáil do gach ball foirne, agus go gcuirfeadh sé ar a gcumas plé le fadhbanna oibre nó pearsanta ar bhealach rúnda. Rinneadh measúnú ar chomhlachtaí éagsúla i dtéarmaí sholáthar seirbhíse CCF laistigh den institiúid.

Cothromaíocht Oibre/Saoil: Mar chuid d'fheachtas leanúnach na hinstitiúide le feasacht a spreagadh i dtaca leis an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht a bhaint amach idir saol oibre agus pearsanta na bhfostaithe, eagraíodh seirbhís scagtha sláinte do gach ball foirne a raibh spéis acu ina leithéid. Maoiníodh an scéim seo go pointe ag an institiúid agus soláthraíodh seirbhísí trí Shaotharlanna Claymon. Táthar ag súil leis go dtairisceofaí an tseirbhís seo don fhoireann ar bhonn dhá bhliain.

5.2 STAITISTICÍ FOIRNE

Tá polasaithe agus nósanna imeachta oiriúnacha pearsanra ag an Institiúid a chinntíonn go bhfostaítear go leor foirne teagaisc, bainistíochta, riaracháin, gairmiúla, teicniúla agus tacaíochta atá cáilithe go hoiriúnach le freastal a dhéanamh ar riachtanais. Seo a leanas na figiúirí foirne do 2005/2006.

	Iomlán	**Fir**	**Mná**
Lucht Bainistíochta [1]	4	4	0
Foireann acadúil (Buan)	226	153	73
Foireann acadúil (Pro-Rata/EPT)	27	11	16
Foireann acadúil (Páirtaimseartha)	104	55	49
Foireann Tacaíochta[2] (Buan)	94	48	46
Foireann Tacaíochta[2] (TWT/Páirtaimseartha)	169	41	128
Foireann Riaracháin[3] (Buan)	47	3	44
Foireann Riaracháin[3] (TWT/Páirtaimseartha)	18	3	15
Iomlán	**689**	**318**	**371**

Sainmhínithe:

1 Bainistíocht Shinsearach amháin (Stiúrthóir san áireamh mar fhoireann acadúil).

2 Teicneoirí, Cúntóirí Ceirde, Cúntóirí Ranga, foireann chothabhála, foireann airíochais, freastalaí páirtaimseartha, Banaltra, Cléireach Cothabhála agus an Maor Glantacháin.

3 Gráid III-VII san áireamh agus Príomhoifigigh Chúnta (POC).

5.2.1 Ceapacháin Tacaíochta Acadúla

Déantar ceapacháin fhoirne agus athruithe stádais phearsanra a fhaomhadh ag Bord Rialaithe na hInstitiúide le linn na bliana.
I mbliana cheap an institiúid roinnt post sonrach tacaíochta le cabhrú le baint amach cuspóirí na hinstitiúide. Áirítear ar na poist seo

- Éascaitheoir Creidiúnaithe Fhoghlama Réamhtheachtaí (CFR), i gcomhar le Líonra (ceapachán nua páirtaimseartha)
- Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta (ceapachán nua)
- Comhordaitheoir Forbartha Cúrsa (post loghtha)
- Comhordaitheoirí Foghlama agus Teagaisc - i réimsí na teicneolaíochta, na straitéisí teagaisc agus an mheasúnaithe (poist loghtha)

5.3 OILIÚINT AGUS FORBAIRT FHOIRNE

Spreagann Instiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain gach catagóir foirne tabhairt faoi oiliúint agus faoi fhorbairt le idir chuspóirí gairmiúla agus pearsanta a bhaint amach. Tá gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha bunriachtanach má tá príomhtháscairí feidhmíochta na hinstitiúide le baint amach, faoi mar a shracrianaítear iad i bplean straitéiseach na hinstitiúide. Le tabhairt isteach an Chórais Fhorbartha Bhainistithe Fheidhmíochta (PMDS) laistigh den institiúid le déanaí tá béim ar thábhacht na hoiliúna leanúnaí foirne in ionad oibre a bhíonn ag athrú de shíor.

5.3.1 Ciste Oiliúint agus Fhorbairt na Foirne

Don bhliain acadúil 2005/2006, fuair an Institiúid leithdháileadh buiséid ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta d'Oiliúint agus d'Fhorbairt Fhoirne ar luach €202,055. B'ionann seo agus an tiomantas airgeadais don bhliain 2004/2005 agus cabhraíonn sé leis an Institiúid lena sprioc costais oiliúna straitéisí de 3% de na costais phárolla a bhaint amach. Seo a leanas achoimriú de leithdháileadh an bhuiséid seo:

- tiomnaíodh maoiniú do bhaint amach cáilíochtaí ardoideachais ag an bhfoireann: de bhreis ar €148,000
- leithdháileadh do na scoileanna agus do na réimsí feidhmiúla le baill fhoirne a mhaoiniú agus iad ag freastal ar sheimineáir agus ar chomhdhálacha: €40,000
- cúrsaí gearra don fhoireann, go príomha trí aonad CBI® na hinstitiúide: de bhreis ar €30,000
- soláthar do na scoileanna le gníomhaíocht thaighde a chothú: €8,500
- seachadadh oiliúna i dtaca le cur i bhfeidhm PMDS, é seachadta san earnáil IT ag Weston Associates: €48,000
- tionscnaimh chothromaíochta oibre/saoil, an scéim scagtha sláinte san áireamh: €27,000
- cúrsaí oiliúna grúpa i réimsí nuashonrú scileanna TE agus oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta (m.sh. láimhseáil láimhe agus cúrsaí garchabhrach): de bhreis ar €20,000

6.0 TUARASCÁIL AIRGEADAIS

6.1 CUNTAS REATHA

Ioncam Reatha trí Fhoinse don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2006

	€	%
Deontas Stáit	22,162	56.5
Táillí Teagaisc	6,582	16.8
Táille Cláraithe Mic Léinn	2,509	6.4
Taighde, Comhairleacht agus Féinmhaoiniú	3,136	8.0
Ioncam Úis	7	-
Ioncam Eile	2,206	5.6
Fuascailt ó Dhímheas (Cuntas Caipitil)	2,622	6.7
Iomlán	**39,224**	**100**



Caiteachas Reatha don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2006

	€	%
Rannóga Acadúla	22,504	58.4
Seirbhísí Acadúla	1,346	3.5
Áitreabh	2,501	6.5
Seirbhísí agus Riaracháin Lárnacha	4,227	11.0
Caiteachas Ginearálta Oideachasúil	723	1.9
Áiseanna agus Fóntais Mic Léinn	1,615	4.2
Taighde, Comhairleacht agus Féinmhaoiniú	2.984	7.7
Dímheas	2,622	6.8
Iomlán	**38,522**	**100**



6.2 CUNTAS CAIPITIÚIL

Fuair an Institiúid socmhainní socraithe breise le linn na bliana, san iomlán: €3,529,000.
Chuir an Institiúid de láimh seansócmhainní ar luach €9,818,000 a raibh glanluach nialasach de réir na leabhar acu.

Tá cuntais iniúchta na hInstitiúide don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2006 ar fáil in **Aguisín III.**

7.0 NAISC IDIRNÁISIÚNTA

7.1 SOGHLUAISTEACHT NA MAC LÉINN

Leanadh ar aghaidh le méadú líon na mac léinn Erasmus a dhéanann staidéar ag an institiúid le linn na bliana acadúla, go háirithe ón Iodáil, ón Tuirc, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón bhFionlainn. Léiríodh an spéis leanúnach seo go láidir sna cláir ghnó, go háirithe sa chlár Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Ghnó Eorpach ar ar fhreastail 54 mac léinn ó thar lear. San iomlán bhí 176 mac léinn AE agus Erasmus cláraithe ag an institiúid don bhliain acadúil seo.

Bhí 156 mac léinn cláraithe nár ón AE iad sa bhliain acadúil 2005/2006 (go mórmhór ón tSín, ón India, ón Iordáin, ón Nigéir agus ón bPacastáin). Ábhar spéise é go raibh 10 mac léinn sa chlár lánaimseartha Céim Mháistreachta Eolaíochta san Innealtóireacht Bhogearraí ar ó ollscoileanna comhpháirtíochta sa tSín iad.

- **Fuair an Scoil Ghnó an chéad ghrúpa mac léinn ó Torino na hIodáile**
  I mbliana tháinig an chéad ghrúpa mac léinn ón Politecnico di Torino, an Iodáil, le freastal ar an gclár Ardteastais sa Staidéar Gnó, bliain 2, ag ITBÁL, tar éis sínithe comhaontaithe idir an dá institiúid sa bhliain acadúil 2003/04. Gheobhaidh na mic léinn seo a ndámhachtain ITBÁL ag searmanas bronnta céimeanna na hinstitiúide i Mí na Samhna 2006. D'éirigh leis na 17 mac léinn socrúcháin oibre a chur i gcrích i gcomhlachtaí in Éirinn ó Mheitheamh go Lúnasa 2006, ansin críochnóidh siad a ngnáthchéim bhaitsiléara in Torino ó Mheán Fómhair 2006, agus ansin fillfidh siad ar ITBÁL i Mí Mheán Fómhair 2007 le seimeastar amháin den chlár Baitsiléara Ghnó (Onóracha) a chur i gcrích ag ITBÁL. Bronnfar cáilíochtaí céime baitsiléara agus máistreachta ar na hiarrthóirí sin a n-éiríonn leo ag Politecnico di Torino.
- **Taighdeoir ó Acadamh Eolaíochta na Síne ag an Lárionad Taighde Bogearraí Feidhmiúla (ASRC)**
  Chuir Qiao Yuansong tús le tionscadal taighde ag an ASRC i Mí Mheán Fómhair; is mac léinn é atá ag críochnú céim dheireanach a PhD ag an Institiúid Innealtóireachta Bogearraí, Acadamh Eolaíochta na Síne, Beijing - príomhinstitiúid taighde a urraítear ag Rialtas na Síne.
- **Clár Staidéir Chultúrtha ITBÁL**
  Chuir an institiúid tús le clár trí seachtaine Staidéir Chultúrtha, le linn Meithimh 2005, do ghrúpa mac léinn ó Ollscoil Florida, SAM. Chríochnaigh an dara grúpa de 15 mac léinn an clár seo i Meitheamh 2006. Sheachad an Dr Harman Murtagh, ón Scoil Ghnó, an clár a chuir Éire agus cultúr na hÉireann in iúl do na rannpháirtigh, agus a raibh sraith chuairteanna cultúrtha in Éirinn mar chuid de.
- **Clár Staidéir Thar Lear do Mhargadh SAM**
  D'éirigh leis an Scoil Eolaíochta, ITBÁL, in iarratas a maoiníodh ag an AE agus ag SAM do mhalartú léachtóirí agus mac léinn. Thionóil ITBÁL beirt mhac léinn ó SAM le linn na bliana acadúla: mac léinn amháin ó Daemen College, Buffalo, NY agus mac léinn amháin ó Pitzer College, California. Mar chuid de shocrú cómhalartach chríochnaigh mac léinn amháin de chuid ITBÁL seimeastar (Eanáir go Bealtaine) ag Daemen College.
  Chríochnaigh grúpa 40 mac léinn ó Mesa Community College, Arizona, clár staidéir thar lear ag ITBÁL ar feadh tréimhse ceithre seachtaine i Meitheamh/Iúil. Tá sé i gceist an smaoineamh seo a chur chun cinn agus a leathnú amach go coláistí pobail agus ollscoileanna eile i SAM.

- **Comhchláir le hollscoileanna comhpháirtíochta nach bhfuil suite san AE**
  Ó seoladh Straitéis Áise an Taoisigh i 1999, tá an Institiúid gníomhach i dtaca le forbairt nasc le hollscoileanna sa tSín. Tairiscíodh dhá chomhchlár le príomhchomhpháirtithe straitéiseacha sa tSín, mar seo a leanas:
  Céim Mháistreachta Eolaíochta san Innealtóireacht Bhogearraí (le Southeast University, Nanjing)
  Is príomhollscoil í SEU ó thaobh taighde agus forbartha eolaíche de agus shínigh ITBÁL comhaontú comhoibritheach le SEU do chomh MSc san Innealtóireacht Bhogearraí i Mí na Nollag, 2002. Mar chuid den chomhaontú seo, chuir an Dr Declan Byrne, ón Scoil Innealtóireachta, malartú léachtóra i gcrích go SEU, agus chuir ITBÁL fáilte roimh thriúr léachtóirí ón gColáiste Innealtóireachta Bogearraí, SEU chuig an institiúid agus rinne seachtar mac léinn ó SEU staidéar ar an MSc san Innealtóireacht Bhogearraí go ITBÁL, le linn na bliana acadúla.
  Céim Onórach Bhaitsiléire Ealaíon sa Chuntasacht (le Dongbei University of Finance and Economics, Dalian)
  Chomhaontaigh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta Dongbei (DUFE), Dalian, comhoibriú ar chlár cuntasaíochta 2+1, agus síníodh comhaontú comhoibrithe i nDeireadh Fómhair 2003. Cláraíodh 25 mac léinn ar an gcéad bhliain den chlár ag an Scoil Ghnó Idirnáisiúnta ag DUFE i Meán Fómhair 2005, agus tá siad ag déanamh staidéir ar churaclam ITBÁL le dhá bhliain anuas ag DUFE (déantar an teagasc trí mheán an Bhéarla). Táthar ag súil leis go n-aistreoidh an chéad ghrúpa de 25 mac léinn go ITBÁL le tabhairt faoi bhliain dheireanach an chláir BA (Onórach) sa Chuntasaíocht i Meán Fómhair 2006. Beidh sé de rogha ag céimithe an chláir dul ar aghaidh go roghanna breise staidéir laistigh de ITBÁL.

7.2 SOGHLUAISTEACHT NA FOIRNE

Chaith Michael O'Rourke, ón Scoil Innealtóireachta, seachtain amháin in Ollscoil Theicniúil Vilnius Gediminas, (VGTU), Vilnius, an Liotuáin, faoi chlár AE Erasmus/Socrates gluaiseachta/malartaithe fhoirne. Thug sé léachtaí do mhic léinn idirnáisiúnta Céim Bhaitsiléire Eolaíochta Córais Eolais i nDamh na Leictreonaice ag VGTU, dar teideal 'Trends in Technology' agus 'Introduction to Semiconductor'.
Ghlac Bartley Reaney, ón Scoil Daonnachtaí, ghlac sé páirt mar bhreitheamh ag comhdháil agus comórtais bhliantúla AEHT (Association Européenne des Ecoles d'Hôtellerie et de Tourisme) sa Tuirc, ar son na hInstitiúide.

8.0 ILCHINEÁLACH

8.1 AÍONNA/LÉACHTÓIRÍ AR CUAIRT

Thug Ambasadóir na Sualainne go hÉirinn, Niels Daag, thug sé cuairt ar an institiúid i Mí na Samhna. Thug sé léacht don fhoireann agus do na mic léinn, inar chuir sé na caighdeáin oideachasúla sa tSualainn i gcomparáid le hÉirinn agus d'fhreagair sé ceisteanna faoin oideachas sa tSualainn, ceisteanna a dhírigh go háirithe ar scéimeanna iasachta do mhic léinn agus ar chostais chúraim leanaí.

Thug Ambasadóir SAM, James C Kenny, cuairt ar an Institiúid i Mí na Samhna, nuair a thug sé aitheasc do ghrúpa foirne agus mac léinn faoin ábhar 'An tOideachas mar infheistíocht don saol' agus tugadh ar camchuairt an champais é.

Thug an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Michael McDowell, TD, cuairt ar an institiúid freisin, i Mí na Samhna, agus thug sé léacht dar teideal 'Ireland as a liberal republic' do bhaill fhoirne agus do mhic léinn na hinstitiúide.

Thug an Dr Patrick Callaghan, Ceannasaí na Rannóige Altranais, Londain, léacht dar teideal 'Core quality issues in nurse education' do bhaill fhoirne na Rannóige Eolaíochtaí Altranais agus Sláinte, agus tugadh cuireadh d'ionadaithe FSS.

Bhí Cathal Lane, Tomkins and Co, BÁC (aturnaetha paitinne), ina aoichainteoir sa Scoil Ghnó agus thug sé léacht dar teideal 'How to Protect your Invention or New Idea' do bhaill fhoirne agus d'ionadaithe na mac léinn ón gcoláiste ar fad.



Ambasadóir SAM, James C. Kenny, le linn a chuairte ar an Institiúid, le Cieran Temple, Cathaoirleach An Bhord Rialaithe, ITBÁL; an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Stiúrthóir, ITBÁL agus an Dr Pat Mulhern, Ceannasaí Forbartha, ITBÁL.

Thug Lukasz Orman, an Oifig Idirnáisiúnta, agus an tOllamh Jerzy Piotrowski, Leasdéan sa Damh Innealtóireachta Sibhialta, Ollscoil Teicneolaíochta Kielce, an Pholainn, thug siad cuairt ar an institiúid. Thug na Scoileanna Innealtóireachta agus Eolaíochta caint, chomh maith le foireann ollscoile Kielce. Bhí mar chuid den chuairt camchuairt ar áiseanna an champais agus na hinstitiúide.

I Mí Aibreáin, thug an Dr Mike Ungar, University at Dalhousie, Albain Nua, Ceanada, thug sé cuairt ar an institiúid agus d'éascaigh sé comhcheardlann faoi théama athléimneacht na ndéagóirí, do mhic léinn chúraim shóisialta, baill fhoirne agus comhghleacaithe ón FSS, faoi choimirce an Lárionaid d'Fhoghlaim Chúraim Leanaí agus Déagóirí (CCYCL).

Thug Michael McDowell, TD, An tAire ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, láithreoireacht d'fhoireann agus mac léinn na hInstitiúide dar teideal 'Ireland as a liberal republic'.

Thug toscaireacht ón Fhionlainn, faoi gceannas Jorma Tyopponen, Stiúrthóir na Scoile Gnó HAAGA Malmi, agus Teemu Kokko, Leas-Uachtarán, HAAGA University of Applied Sciences, cuairt ar an Institiúid; i Mí na Lúnasa. Tá le feiceáil sa ghrianghraf freisin John Cusack, Ceannasaí na Scoile Gnó, ITBÁL, agus Mary Simpson, Bainisteoir na Mac Léinn Idirnáisiúnta, ITBÁL.

Mar gheall ar chur i gcrích fiontair chomhoibrithigh idir an Dr Niall McElwee, CCYCL, agus an Dr John Ennis, IT Phort Láirge, foilseofar imleabhar scríbhneoireachta cruthaithí ag an dá údar dar teideal 'Oisin's Journey Home'. Chomh maith leis an bhfilíocht atá le fáil sa leabhar, tá obair dheartha sa leabhar freisin ó chúigear mac léinn ó chláir dheartha na hinstitiúide.
Thionóil an Scoil Ghnó toscaireacht ar cuairt ón bhFionlainn, a raibh Jorma Tyopponen, Stiúrthóir Scoil Ghnó HAAGA Malmi, agus Teemu Kokko, Leasuachtarán, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmiúla HAAGA, i gceannas uirthi i Mí Lúnasa. Thug an toscaireacht de 75 duine cuairt ar an institiúid le tuilleadh eolais a fháil faoi chúrsaí oideachais tríú leibhéal in Éirinn agus le fáil amach más féidir comhaontuithe comhpháirtíochta a dhéanamh le ITBÁL. Bhí Mary O'Rourke, Ceannaire Sheanad Éireann agus iarAire Oideachais, ina haoichainteoir le linn na cuairte.

Cuid d'fhoireann agus mic léinn na hInstitiúide le feiceáil ag imeacht chumainn idirnáisiúnta ITBÁL, agus iad ag ceiliúradh Bhliain Úr na Síne, 2006.

Thug Rós Thrá Lí na bliana seo, Aoibhinn Ní Shúilleabháin, ar fisiceoir teoiriciúil í, thug sí cuairt ar an institiúid le linn seachtain na heolaíochta, nuair a thug sí aitheasc do dhaltaí áitiúla meánscoile lena spreagadh le dul leis an eolaíocht sa todhchaí.
Rinne An Taoiseach, Bertie Ahern, TD, Lárionad Nuálaíochta agus Taighde Lár na Tíre (MIRC) a oscailt go hoifigiúil i Mí na Samhna. Tairiscíonn an Lárionad seo raon tacaí d'fhiontraithe ar mian leo gnólacht nua easpórtála teicneolaíochta a thosú. Críochnaíodh é le cabhair chomhoibrithe agus mhaoinithe a fuair an institiúid ó Fhiontraíocht Éireann faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006 agus cómhaoiníodh é ag Ciste Forbraíochta

Tionóladh Aontach na Slite Beatha 2006

8.2 IMEACHTAÍ DE CHUID NA hINSTITIÚIDE

Thionóil an institiúid 4ú Comhdháil Bhliantúil Sábháilteachta Cairéil i Mí Mheán Fómhair, comhdháil ar fhreastail breis is 250 toscaire uirthi. Tionólann an institiúid a lán imeachtaí ar fud na bliana a ardaíonn próifíl na hinstitiúide ar fud réigiún lár na tíre. Eagraíodh roinnt imeachtaí bliantúla freisin, tionóladh aonach na ngairmeacha agus seachtain na heolaíochta i Mí na Samhna agus tionóladh lá oscailte i Mí na Nollag. Thionóil cumann idirnáisiúnta na hinstitiúide imeacht le Bliain Úr na Síne a cheiliúradh.

Le feiceáil ag Seachtain na hEolaíochta 2005 ag an Institiúid tá an Dr Gertie Taggart, An Scoil Eolaíochta, ITBÁL; Aoibhínn Ní Shúilleabháin, Rós Trá Lí 2005; Anthony Whelan, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn; an Dr Mary Casey, Saotharlainne Dlí-Eolaíochta, Ceanncheathrú an Gharda Síochána; Dr Noreen Morris, An Scoil Eolaíochta, ITBÁL; agus Siobhan Kelly, An Scoil Eolaíochta, ITBÁL

Ba é An Taoiseach, Bertie Ahern, TD, a d'oscail an foirgneamh Lárionaid Nuálaíochta/Taighde Lár Tíre (MIRC) go hoifigiúil Mí na Samhna. Tá le feiceáil sa ghrianghraf freisin (C-D): Cieran Temple, Cathaoirleach, An Bhord Rialaithe, ITBÁL; Colm Hackett, Bainisteoir Rannáin, Réigiúna agus Fiontraíocht, Enterprise Ireland; agus an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Stiúrthóir, ITBÁL.

Réigiúnaí na hEorpa. Soláthraíodh maoiniú breise ag Banc na hÉireann, Élan Corporation plc, Russell Brennan Keane, 3Touch Ltd, Saotharlanna Taighde BioClin, John agus Carol Devane, Tony Kilmartin, N6 Centre, Jackie Byrne; Tacaíocht & Seirbhísí Coláiste Teo., Leo Galvin, Oiliúint agus Comhairliúchán Infosight, agus MSL.

Tionóladh seimineár i gcomhar le Brainse nuabhunaithe Lár na Tíre den Institiúid Chairte Phearsanra agus Fhorbartha (CIPD) ag an institiúid i Mí Feabhra. Labhair an t-aoichainteoir, John Brennan, IBEC, faoi na forbairtí is déanaí Dlí Fostaíochta. Mheall an seimineár ionadaithe ó eagraíochtaí tionsclaíocha, tráchtála agus seirbhíse i Réigiún Lár na Tíre.

Eagraíodh taispeántas pictiúr le mic léinn i ranganna 'Intreoir don phéintéireacht ola' de san institiúid, taispeántas a sheachad ealaíontóir cáiliúil áitiúil, Jim Reddy, i mbialann an fhoirgnimh Staidéir Fháilteachais, Thurasóireachta & Shó i Mí na Feabhra.

Tugadh Dámhachtain Chumais O_2 d' Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, don dea-chleachtas sa chatagóir Sheirbhíse Custaiméara, ag searmanas i gCaisleán Átha Cliath i Mí Feabhra. Tugann na dámhachtainí seo aitheantas d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha ar éirigh thar barr leo i bhfostú daoine le míchumais agus sa tseirbhís a thugann siad do chliaint/chustaiméirí a bhfuil míchumais acu.

Thionóil an institiúid babhta lár na tíre de Paperclip Physics, ceann de chomórtais eolaíochta is dúshlánaí na hÉireann nó an RA, i Mí Feabhra. Tá an comórtas seo ar oscailt d'fhoirne de dhaltaí meánscoile, agus spreagann sé na daltaí lena samhlaíocht a úsáid le prionsabal nó feidhm fhisice a roghnaíonn siad féin a léiriú do dhuine nach eolaí iad. Eagraítear an imeacht iomlán ag Institiúid na Fisice agus is í an Dr Antoinette Sweeney, an Scoil Eolaíochta, comhordaitheoir lár tíre na hÉireann.

D'eagraigh agus thionóil an Scoil Ghnó an Léacht Chuimhneacháin Bhliantúil agus Searmanas Dámhachtainí Gerry Gray i Mí Mhárta. Is é Barry McGuigan, iarSheaimpín Cleitmheáchain Dornálaíochta an Domhain, a thug an aoiléacht faoi théama an ratha sa spórt agus i gcomhthéacs níos leithne gairme gnó.

Thug an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin, TD, thug sé cuairt ar Lárionad Nuálaíochta agus Taighde Lár na Tíre (MIRC) ag an institiúid i Mí Mhárta, do thuras thart ar an lárionad agus le bualadh le cuid de na comhlachtaí atá lonnaithe ann.

Foireann bhuaiteoireachta chomórtais 'Paperclip Physics' na hInstitiúide Fisice: Sarah Connellan, Claire Hassett agus Carmel Lennon, ó Mheánscoil na nUrsalach, Durles Éile, Co Tiobraid Árann, lena múinteoir Patricia Dwan (ar dheis) agus Comhordaitheoir Club Eolaíochta ITBÁL, an Dr. Antoinette Sweeney (ar clé) , tar éis dóibh páirt a ghlacadh i mbabhta lár na tíre, a tionóladh in ITBÁL.

Le feiceáil ag cuairt ón Micheál Martin, TD, An tAire ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, go dtí an Lárionaid Nuálaíochta/Taighde Lár Tíre (MIRC), tá John Cusack, Ceannasaí na Scoile Gnó, ITBÁL; an Dr Paul Tomkins, Ceannasaí na Scoile Eolaíochta, ITBÁL; Seanadóir Mary O'Rourke, Cathaoirleach, Seanad Éireann; an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Stiúrthóir, ITBÁL; agus Austin Hanley, Ceannasaí na Scoile Innealtóireachta, ITBÁL.

Comhordaitheoir Club Eolaíochta ITBÁL, an Dr. Antoinette Sweeney, le feiceáil le cuid de na leanaí agus de na múinteoirí a ghlac páirt i Lá Taispeántais ITBÁL, a chuir deireadh le clár na hinstitiúide do Thaiscéaladh na hEolaíochta ag an mBunleibhéal.

Thionóil an institiúid Comhdháil Chumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann i Mí Mhárta. D'fhreastail breis is 350 múinteoirí agus toscairí ar an gcruinniú a tugadh go comhuaineach i 12 seomraí léachta agus saotharlanna ar feadh na comhdhála, a chuimsigh beagnach 40 láithreoireacht. Bhí thart ar 22 taispeántóir ann, agus chuimsigh an clár láithreoireachtaí freisin leis an Dr Sean Reidy agus an Dr Neil Rowan.

Mar chuid den chlár Discover Primary Science, a d'eagraigh Forfás i Mí na Bealtaine, thionóil an institiúid thart ar 350 leanaí scoile agus a gcuid múinteoirí, ó 12 scoil ó ar fud réigiún lár na tíre. Tá Lá Taispeántais ITBÁL ina dhlaíóg mhullaigh ar phróiseas ar cuireadh tús leis nuair a d'fhreastail múinteoirí ó gach ceann de na scoileanna rannpháirteacha ar ITBÁL i Mí Dheireadh Fómhair gur taispeánadh suas le daichead 'turgnamh scléipe eolaíochta' dóibh ag an Dr Antoinette Sweeney, Comhordaitheoir an Chlub Eolaíochta. Tar éis dóibh an oiliúint a chur i gcrích, is féidir leis na scoileanna sin atá cláraithe sa tionscadal seo, dul ar aghaidh le cur isteach ar Dhámhachtain Fheabhais Eolaíochta, más mian leo, nuair a bheas íoslíon critéar gníomhaíochtaí eolaíochta bainte amach acu. Is é aidhm an chláir ná cruthaíocht a fhorbairt sna leanaí, taispeáint dóibh a thábhachtaí is atá an eolaíocht don saol laethúil, agus níos tábhachtaí arís, taispeáint dóibh gur féidir craic a bhaint aisti.

Thionóil an Institiúid babhta ceannais réigiúnach Dúshlán K'nex Innealtóirí Sóisearacha na hÉireann 2006, i Mí na Bealtaine.

Freisin thionóil an institiúid babhta ceannais réigiúnach an chomórtais Junior Engineers for Ireland K'Nex Challenge 2006 i Mí na Bealtaine. Déantar an comórtas seo a reáchtáil i gcomhar le STEPS (Clár Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta do Scoileanna) agus Hasbro.

Eagraíodh an taispeántas bliantúil 'Design at AIT Graduate Exhibition' ag Campas Sráid an Gheata Thuaidh i Mí an Mheithimh. Taispeánann an imeacht obair na mac léinn sa BA sa Dearadh (Cumarsáide) agus an BA (Onórach) sa Dearadh sna hIlmheáin, agus rinneadh í a oscailt go hoifigiúil ag an Dr Joe Mulholland, Cathaoirleach an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha.

Reáchtáil an institiúid a chéad sraith de champaí samhraidh aon seachtaine i Mí Iúil. Sa chlár 'craic na cócaireachta' (a dhírítear ar leanaí 7-16 bliain d'aois) múintear scileanna simplí cócaireachta do leanaí; ligeann an campa 'spóirt agus gníomhaíocht' (do leanaí 7-11 bliain d'aois) do na rannpháirtigh triail a bhaint as spóirt agus as gníomhaíochtaí éagsúla; agus sa 'champa ríomhaireachta' (do leanaí 12-17 bliain d'aois) múintear do na rannpháirtigh conas a gcuid físeán féin a dhéanamh, ag úsáid píosaí scannáin agus grianghraf óna bhfóin phóca, conas a gcuid clingthon féin a scríobh agus a íoschóipeáil, conas an t-idirlíon a úsáid, conas leathanaigh ghréasáin a chruthú, agus conas a gcuid róbat féin a thógáil agus a ríomhchlárú. Breathnaítear ar na gníomhaíochtaí seo mar bhealach le saineolas foirne agus le háiseanna úrscothacha ITBÁL a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.

8.3 NA SAOTHAIR EALÁINE A CEANNAÍODH

Ceannaíodh na healaíon seo a leanas le linn na bliana:

Teideal	Ealaíontóir
West Cork Morning	W Crozier
The West Window	W Crozier
Hay Ricks	W Crozier
Night	W Crozier
Poppies I	W Crozier
Poppies II	W Crozier
Poppies III	W Crozier

9.0 AGUISÍNÍ

AGUISÍN I CUID DE BHUAICPHOINTÍ GNÓTHACHTÁLA CHLUBANNA SPÓIRT DE CHUID NA hINSTITIÚIDE

Cispheil
Bhain foireann na bhfear cluiche leathcheannais na Léige ICBA amach, cluiche a chaill siad in éadan Choláiste na Tríonóide.

Camógaíocht
Bhain an fhoireann babhta ceannais Chorn Purcell amach, ach chaill siad in éadan UUJ. Bualadh iad i gcluiche leathcheannais na léige freisin.

Spóirt Eachracha
Ghlac Damien McGuire, mac léinn dara bliain, páirt in dhá imeacht idirnáisiúnta seóléimnigh i mbliana - ag an SNRC san Iodáil i Mí Dheireadh Fómhair agus san Ísiltír freisin. Fuair foireann na hÉireann 7 mbonn san iomlán.

Peil Ghaelach
D'éirigh thar barr leis an bhFoireann Shinsearach Pheile Gaelaí i mbliana, agus bhain sí suíomh maith amach sa léig. San fheachtas do Chorn Sigerson fuarthas buanna in aghaidh IT Thrá Lí i mBabhta 1 agus in aghaidh IT Chorcaí i mBabhta 2. Sa bhabhta ceathrú ceannais in aghaidh Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chaill foireann chróga ITBÁL de dheasca pointe amháin. Bualadh an fhoireann idirmheánach de phointe amháin freisin, in aghaidh COBÁC, UUJ agus ITBÁC. Is beag nár cháiligh an fhoireann pheile shóisearach do chluiche ceathrú ceannais na hÉireann tar éis cailleadh de bheagán in éadan UUJ. Fuair foireann na chéad bhliana bua in éadan IT Shligigh agus chaill siad in aghaidh COG agus ITGMO. Bualadh iad i Léig na hÉireann ag IT Phort Láirge freisin.

Haca
Thaistil an fhoireann mheasctha haca go Corcaigh le páirt a ghlacadh i gCorn ICHA; ar an drochuair chaill siad an babhta leathcheannais i seisiún cúl pionóis.

Damien McGuire, le feiceáil agus é ag glacadh páirte i gceann de dhá imeacht idirnáisiúnta seóléimní i mbliana (san Ísiltír).

Iománaíocht
Thosaigh an fhoireann shinsearach iománaíochta feachtas na léige le bua in aghaidh COMhá Nuad agus IT Cheatharlaigh, sular chaill sí de bheagán in éadan DCU. Ghlac an fhoireann páirt freisin i gCorn Keogh, mar a bhfuair siad an bua in aghaidh Lú agus chaill siad in éadan na Mí sa chluiche leathcheannais. Bualadh an fhoireann ag COMhá Nuad i gCorn Uí Riain. Ghlac an fhoireann idirmheánach páirt i gcomórtas na Laighean. Ghlac an fhoireann shóisearach páirt i Rannán Chonnachta agus fuair siad buanna in aghaidh Leitir Fraic agus ITGMO/Caisleán an Bharraigh. Ghlac foireann na chéad bhliana páirt sa léig.

Peil Ghaelach na mBan
Fuair foireann pheile na mban bua in éadan IT Shligigh, bhain siad cluich cothrom amach in aghaidh Coláiste an Gharda Shíochána agus bualadh iad ag COGaillimh. Tar éis na sraithe seo bualadh iad ar éigean ag OL i mbabhta leathcheannais na léige. Bhí sé de mhí-ádh orthu freisin gur bualadh iad ag Coláiste Mhuire i gCorn Uí Loingsigh agus ag COBÁC i Sciath Uí Loingsigh. Bhuaigh foireann chéad bhliain na mban Pláta Foireann Chéad Bhliain na hÉireann trí bhua a fháil ar COGaillimh sa bhabhta ceannais.

Sacar na mBan
Ghlac foireann sacair na mban páirt i léig Chonnachta/Mumhan an WCSAI agus chríochnaigh siad sa tríú háit.

Rugbaí
Shroich an fhoireann shinsearach rugbaí cluiche leathcheannais de Chorn Coláistí na hÉireann, Rannán 1, agus fuair siad an bua i sé cinn as seacht gcluiche léige. D'imir Colin Finnerty do choláistí na hÉireann nuair a fuair siad an bua ar fhoireann na hAlban. D'imir an dara foireann cluichí léige; níor chaill siad ach in aghaidh IT Chorcaí, agus shroich siad an cluiche ceannais i Rannán 2. Shroich foireann na chéad bhliana cluiche ceannais na hÉireann. D'imir David McGowan d'fhoireann U-21 na hÉireann agus d'imir iarmhic léinn dár gcuid, Ronnie McCormack agus Chris Keane, d'fhoirne éagsúla Chonnachta i mbliana.

Sacar
Chríochnaigh an fhoireann shinsearach sa chéad áit sa CFAI, Rannán 1, Thuaidh, agus fuair siad ardú céime chuig an Ard-Rannán. Buaileadh ar éigean iad i gCluiche Ceathrú Ceannais Chorn CFAI. Bhí séasúr measctha ag an bhFoireann Idirmheánach ach chríochnaigh siad sa tríú háit sa CFAI, Rannán 2, Thiar. Thaistil Anthony Hayes agus Alan Kelly go Carolina Thuaidh, SAM, mar chuid den Scuad Náisiúnta.

Eitpheil
Den chéaduair riamh ghlac foirne na bhfear agus na mban páirt sa chomórtas idirollscoile. Shroich na fir cluiche leathcheannais na Sciatha amach, agus bhí an-chluiche ar fad ag foireann na mban.

AGUISÍN II TIONSCADAIL TAIGHDE AR ÉIRIGH LEO MAOINIÚ A FHÁIL LE LINN NA BLIANA

Teideal an tionscadail:	The development of a polymeric based drug formulation for use on novel drug delivery system
Méid:	€63,000 (EI); €27,000 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	Paul Blackie, an Scoil Innealtóireachta/Pharmaplaz
Teideal an tionscadail:	Feasibility Study
Méid:	€9,000
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	An Dr Clem Higginbotham, an Scoil Innealtóireachta/TOI Feasibility Grant
Teideal an tionscadail:	Development of rice based injection moulded dog bone
Méid:	€35,035 (EI); €18,865 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	Paul Blackie, an Scoil Innealtóireachta/Gaines
Teideal an tionscadail:	The development of a valued added application for the use of polyethylene recyclate
Méid:	€86,310 (EI); €36,990 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	Paul Blackie, an Scoil Innealtóireachta/Gem Plastics Limited
Teideal an tionscadail:	Development of a reduced weight microwavable slipper insole
Méid:	€14,280 (EI); €6,120 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	Paul Blackie, an Scoil Innealtóireachta/Waveware
Teideal an tionscadail:	Complex visual communication problems within enclosed built environments and their methodologies
Méid:	€57,150
Comhlacht Maoinithe:	Embark
Maoirseoir Taighde:	John Benton, an Scoil Daonnachtaí
Teideal an tionscadail:	HAVEN - Home plug AV enabled networking
Méid:	€166,966 (EI); €71,557 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	Enda Fallon, ASRC/3-Touch
Teideal an tionscadail:	SCRAM - Securing content on removable media
Méid:	€172,474 (EI); €80,314 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	Enda Fallon, ASRC/YQA Now

Teideal an tionscadail:	Development of a content management system for memory constrained devices
Méid:	€46,500
Comhlacht Maoinithe:	Fusion/Biznet Solutions
Maoirseoir Taighde:	Enda Fallon, ASRC
Méid:	€46,500
Comhlacht Maoinithe:	Fusion/Apple Tree Press
Maoirseoir Taighde:	Enda Fallon, ASRC
Méid:	€46,500
Comhlacht Maoinithe:	Fusion/Intelledion
Maoirseoir Taighde:	Enda Fallon, ASRC
Teideal an tionscadail:	Localised Wireless Core Network Access Framework
Méid:	€8,500 (EI)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme (Feasibility)
Maoirseoir Taighde:	Enda Fallon, ASRC/Eircom
Teideal an tionscadail:	TRIMS - Thermal, Remote and Intelligent Management System
Méid:	€261,000
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	Enda Fallon, ASRC; Keith Vaugh, an Scoil Innealtóireachta, agus an Dr Robert Stewart, an Scoil Innealtóireachta/ Thermatek Technologies
Teideal an tionscadail:	Enhancement of angioplasty balloon performance through optimisation of extrusion process parameters and materials selection
Méid:	€91,000 (EI); €39,000 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	An Dr Joseph Farrell, an Scoil Innealtóireachta/UCSI
Méid:	€47,000
Comhlacht Maoinithe:	Fusion/Bittware Technologies, Belfast
Maoirseoir Taighde:	Mary Giblin, an Scoil Innealtóireachta
Méid:	€2,800
Comhlacht Maoinithe:	Clearstream
Maoirseoir Taighde:	An Dr Clement Higginbotham, an Scoil Innealtóireachta
Teideal an tionscadail:	Development of a clear to polarised photochromic plastic lens
Méid:	€123,000 (EI); €91,000 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	An Dr Clement Higginbotham, an Scoil Innealtóireachta /Transitions Optical Ltd

Teideal an tionscadail:	The development of hydrogels for novel oral drug delivery applications
Méid:	€34,000
Comhlacht Maoinithe:	Postgraduate R&D Skills Programme - Strand 1
Maoirseoir Taighde:	An Dr Clement Higginbotham, an Scoil Innealtóireachta
Teideal an tionscadail:	The development of a physically bound medical device coating
Méid:	€21,435 (EI), €13,030 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	An Dr Clement Higginbotham, an Scoil Innealtóireachta/ Clearstream Technologies
Méid:	€204,983
Comhlacht Maoinithe:	Secondment to the Intergovernmental Group on Earth Observations (GEO) secretariat at the World Meteorological Organisation (WMO) au Ghinéiv, An Eilvéis
Maoirseoir Taighde:	An Dr Brendan Kelly, an Scoil Eolaíochta
Teideal an tionscadail:	Exploring the OCAP research model
Méid:	€6,000
Comhlacht Maoinithe:	CCYCL/OPAC
Maoirseoir Taighde:	An Dr Niall McElwee, CCYCL
Teideal an tionscadail:	Population Health Study
Méid:	€4,429
Maoirseoir Taighde:	An Dr Niall McElwee, CCYCL
Teideal an tionscadail:	Pipe/Profile Product Development from Waste Plastics
Méid:	€9,000 (EI)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	Michael Nugent, an Scoil Innealtóireachta/Feasibility Grant in aice le Cavan Plastics
Teideal an tionscadail:	Disinfection and sterilisation of medical instruments, devices and contact surfaces using novel electrotechnologies
Méid:	€113,134
Comhlacht Maoinithe:	HRB
Maoirseoir Taighde:	An Dr Neil Rowan, an Scoil Eolaíochta
Teideal an tionscadail:	Applied Research for Boston Scientific
Méid:	€77,437
Comhlacht Maoinithe:	Boston Scientific
Maoirseoir Taighde:	Mike Russell, an Scoil Innealtóireachta
Teideal an tionscadail:	Distribution Qos Management Framework for Premium Services Provision in Emergency Scenarios
Méid:	€16,000
Comhlacht Maoinithe:	6 Framework Emerge
Maoirseoir Taighde:	An Dr Robert Stewart, an Scoil Innealtóireachta

Teideal an tionscadail:	Development of an innovative device to deliver oxygen to chronic wounds
Méid:	€34,000
Comhlacht Maoinithe:	Postgraduate R&D Skills Programme - Strand 1
Maoirseoir Taighde:	An Dr Gertrude Taggart, an Scoil Eolaíochta
Teideal an tionscadail:	Optimisation of Collagen Matrix
Méid:	€16,450 (EI); €6,050 (P)
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership Programme
Maoirseoir Taighde:	An Dr Paul Tomkins, an Scoil Eolaíochta/Innocoll Technologies
Teideal an tionscadail:	Evaluate sterilisation methods for drug delivery collagen sponges
Comhlacht Maoinithe:	EI - Innovation Partnership programme/Innocoll Ltd
Maoirseoir Taighde:	An Dr Clem Higginbotham, an Scoil Innealtóireachta, agus an Dr Paul Tomkins, an Scoil Eolaíochta
Teideal an tionscadail:	Novel functional beverages based on polysaccharide activities of algal original
Méid:	€89,141
Comhlacht Maoinithe:	FIRM (Food Institutional Research Measure) programme
Maoirseoir Taighde:	An Dr Paul Tomkins, an Scoil Eolaíochta, i gcomhpháirtíocht le NUIG/UCC
Teideal an tionscadail:	Development of cell-based 3D in vitro models of mouse tissues for the pharmaco-toxicological analysis of nuclear receptors-interacting compounds (NR-ICs)
Méid:	~€300k
Comhlacht Maoinithe:	EU FP6
Maoirseoir Taighde:	An Dr Paul Tomkins, an Scoil Eolaíochta, in aice le comhlacht EU: ALTA Genetics; Biotechnology Brescia Health Centre, An Iodáil; CELLON, Lucsamburg; European Collection of Cell Cultures (ECACC), An Ríocht Aontaithe; University of Milan, An Iodáil agus University of Aarhus, an Danmhairg
Teideal an tionscadail:	Thermal Management of RT for Blow Moulding
Méid:	€34,000
Comhlacht Maoinithe:	Postgraduate R&D Skills Programme - Strand 1
Maoirseoir Taighde:	Keith Vaugh, an Scoil Innealtóireachta

AGUISÍN III CUNTAIS INIÚCHTA

LEATHÁN COMHARDAITHE AG 31 LÚNASA 2006

	2006 €000's	2005 €000's
SÓCMHAINNÍ SOCRAITHE		
Sócmhainní inláimhsithe	52,546	51,646
	52,546	51,646
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	3,106	1,434
Airgead sa bhanc agus ar láimh	3,776	5,609
	6,882	7,043
FIACHAIS REATHA		
Creidiúnaithe		
Suimeanna a bheas dlite taobh istigh de bhliain	4693	5,009
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	2,189	1,984
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE FIACHAIS REATHA	54,735	53,630
Creidiúnaithe		
Suimeanna a bheas dlite taobh istigh de bhliain	0	0
GLANSÓCMHAINNÍ	54,735	53,630
Ionadaithe		
CÚLCHISTÍ		
Cuntas Caipitil	52,546	51,646
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	1,795	1,417
	54,341	53,063
Ciste Fhoirgnimh Mhic Léinn	243	163
Cúlchiste Srianta	151	404
	54,735	53,630

Sínithe ar son an Bhoird Rialaithe:



CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR DEIREADH 31 LÚNASA 2005

	2006 €000's	2005 €000's
IONCAM		
Deontas Stáit	22,162	19,086
Fuascailt ó Chuntas Chaipitil	2,622	2,344
Táillí Teagaisc	9,091	5,816
Taighde, Comhairleacht agus Féinmhaoiniú	3,136	3,088
Ioncam Úis	7	4
Ioncam Eile	2,206	2,143
	39,224	35,076
CAITEACHAS		
Rannóga Acadúla	22,504	19,925
Seirbhísí Acadúla	1,346	1,204
Áitribh	2,501	2,373
Seirbhísí Lárnacha agus Riaracháin	4,227	4,329
Caiteachais Ghinearálta Oideachasúla	723	659
Áiseanna agus Fóntais Mac Léinn	1,615	1,488
Taighde, Comhairleacht agus Féinmhaoiniú	2,984	2,627
Dímheas	2,622	2,344
	38,522	34,949
BARRACHAS/(EASNAMH FEIDHMITHE)	702	127
Aistriú go Ciste Foirgnimh	(80)	0
Aistriú go Cúlchiste Srianta	(151)	(81
Aistriú go Cúlchiste Seirbhísí Mic Léinn	(93)	0
BARRACHAS CARNTHA AG TÚS NA BLIANA	1,417	1,371
BARRACHAS CARNTHA AG DEIREADH NA BLIANA	1,795	1,417

Sínithe ar son an Bhoird Rialaithe: